Cruthaigh go Ceannasach: Dearcthaí nua a phlé, cuireadh a thabhairt do dhaoine eile chun an domhan a fheiceáil i mbealach éagsúil agus spás a chruthú chun críche tástála, fiosracha, agus foghlama, fad atá an chruthaitheacht á cothromú le soiléireacht, freagracht, agus seachadadh.

Obair le Chéile: Comhroinnt go hoscailte agus comhoibriú le rún ar fud foirne agus comhpháirtithe, agus soiléireacht ann i dtaca le ról, cinntí, agus sreabhadh faisnéise, ionas neartaítear an méid atá á dhéanamh againn trí iarracht choiteann.

Léirigh Muinín: Caitheamh le gach duine le dínit. Éisteacht go mbraitheann daoine go gcloistear iad, luach a chur ar éagsúlacht agus daoine a chumasú chun smaointe a chomhroinnt gan bhreith.

Iompair le hlonracas: An rud ceart a dhéanamh, fiú nuair is deacair é a dhéanamh. Muid féin a iompair le trédhearcacht, cúram agus cuntasacht agus na tionchair (ar dhaoine, ar phobail, agus ar an domhan) a mheas sa chaoi a ndéanaimid cinneadh, maoiniú, cumarsáide, agus feidhmiú.

Fáilte roimh Chách: É a dhéanamh níos éasca do dhaoine cuairt a thabhairt, dul i mbun oibre, cur le nó bheith páirteach, freagairt do riachtanais éagsúla, athraitheacha agus bacainní a bhaint nuair is féidir.

Spriocanna Straitéiseach:

Tá ár spriocanna straitéiseacha eagraithe i gceithre cholún. Forbraíodh iad mar chuid dár straitéis cúig bliana dar teideal "Spreagadh Cruthaitheach le haghaidh Athrú," a fhoilsiú, ina leagtar amach misean dána le haghaidh IMMA mar an ionad cultúrtha is dinimiciúla agus is fáiltí in Éirinn.

Croílár 1

Spreagadh le haghaidh Athrú - ina bhfuil IMMA mar spás a fheidhmíonn mar spreagadh le haghaidh athrú cruthaitheach agus a nascann pobail chun todhchaí chomhroinnte a shamhlú.

Croílár 2

Spás Poiblí go Radacach - ina nglactar leis an éagsúlacht mar chonair chuig cruthaitheacht agus rannpháirtíocht mar chuid den saol poiblí.

Croílár 3

Lárionad Taighde agus Nuálaíochta - ina bhfuil IMMA ina áit atá dinimiciúil ó thaobh na hintleachta, agus é ina léiriú beo ar ár bhféiniúlacht chultúrtha, ar an am atá thart agus an todhchaí.

Croílár 4

Nascóir Domhanda - ina fhéachann IMMA chuig láithreacht chruthaitheacht físe na hÉireann agus meas uirthi a mhéadú ar fud an domhain agus cleachtas idirnáisiúnta suntasach a thógáil chuig ár dtír.

2025 An Bhliain de réir Uimhreacha

Ba bhliain shuntasach í 2025 do IMMA agus bhí **an líon is airde cuairteoirí ann ó osclaíodh an t-áras in 1991**. Léiríonn an rannpháirtíocht phoiblí thar na bearta ról méadaitheach IMMA mar institiúid chultúrtha atá poiblí ó bhonn, ionchuimsitheach agus nasctha go idirnáisiúnta, atá i dteagmháil le lucht féachana níos leithne agus níos éagsúla ná riamh trí chlárú uailmhianach, taispeántais mhóra agus rannpháirtíocht dhigiteach leathnaithe.

Gradaim:

Músaem Ealaíne na hEorpa, 2025 (Buaitheoir)

Gradam Inbhuanaitheachta Cruthaithí ESB, Gradaim Ghnó go hEalaíona, 2025 (Gearrliosta)

Gradaim rRialtais na hÉireann (Babhta Deiridh)

Taispeántas na Bliana, Gradam Apollo 2025 (Gearrliosta)

Teagmháil an Luchta Féachana

Iomlán na gCuairteoirí: 644,411 (+3.4% bliain ar bhliain)

Teagmháil PR Iomlán: 48.4 mhilliún

- Teagmháil Idirnáisiúnta: 5.8 mhilliún

- Teagmháil Náisiúnta: 42.7 mhilliún

Lucht Féachana Iomlán na dTaispeántas Idirnáisiúnta ar Camchuart: 70,000+

Lucht Féachana Digiteach

Úsáideoirí an tSuímh Gréasáin: 471,221 (+18%)

Lucht Féachana na Meán Sóisialta: 161,000

Teagmháil na Meán Sóisialta: 6.5 mhilliún

Na Cláir agus an Rannpháirtíocht

8 dTaispeántas agus 3 Léiriúchán Gaolmhara

3 Thaispeántas Idirnáisiúnta ar Camchuart (*Nua-Eabhrac, Leipzig, Londain, Southampton, Bath*)

782 clár poiblí agus 40,161 a d'fhreastail orthy, lena n-áirítear:

- 16,000+ a d'fhreastail ar 50 imeacht Earth Rising

- 30 Caint IMMA ar a d'fhreastail 1,879

- 137 imeacht tríú leibhéal ag a raibh 4,216 scoláire

- 208 turas scoile agus teaghlaigh agus ceardlanna ag a raibh 7,427 rannpháirtí

408 larratas faighte don *Chónaitheacht* Bí i do Chónaí Anseo

16 Ealaíontóir ó 12 tír

Bailiúchán IMMA

- 129 Saothar ealaíne ar iasacht go náisiúnta

- 66 Saothar ealaíne ar iasacht go hidirnáisiúnta

- 79 Sealbhúchán nua curtha leis an mBailiúchán

Imeachtaí Beo agus Forbairt Eagraíochta

- 7 gCeolchoirm agus Imeacht Tráchtála "in the Meadows"

- 89 Fruiliú Tráchtála le hIonaid IMMA

- 27 ball foirne a thug faoi fhorbairt ghairmiúil ar fud 20 institiúid Eorpacha, le tacaíocht ó Erasmus+ agus Léargas

Croílár 1: Spreagadh le haghaidh Athrú

Nuair a bhíonn an saol á mhúnlú ag síorathrú agus éiginnteacht, bíonn ealaín fós ag feidhmiú mar scáthán na sochaí agus catalaíoch chun todhchaí mhalartach a shamhlú araon. Le linn 2025, bhí IMMA ag feidhmiú i lár na dinimice, lena gcuirtear é féin mar spás poiblí rithábachtach do dhialóg, machnamh, agus samhlaíocht choiteann. Trí pháirt a ghlacadh go díreach le dúshlán phráinneacha shóisialta, chomhshaoil, agus chultúrtha, bhog an t-áras ar aghaidh ó bhreathnú chun díospóid a thionól go gníomhach, insintí ceannasacha a cheistiú, agus tacú le bealaí nua smaointeoireachta. Trí mheán a chlár, a chomhpháirtíochtaí, agus a chleachtais institiúide, thug IMMA aghaidh ar shaincheisteanna tábhachtacha lena n-áirítear an ghéarchéim aeráide, ceartas sóisialta, agus ionadaíocht chothromasach, lena léirítear cumas ealaíne chun tuiscint a neartú agus gníomh a spreagadh. Dá bharr sin, bhí IMMA mar léiritheoir na healaíne comhaimseartha agus mar rannpháirtí gníomhach laistigh de chórais shóisialta agus éiceolaíocha níos leithne, lena samhlaítear an chaoi is féidir le hInstitiúid Náisiúnta Chultúrtha cur le folláine shochoaíoch i mbealach fiúntach.

Inbhuanaitheacht Chomhshaoil agus Ceannaireacht Aeráide

Le linn 2025, ghéaraigh IMMA iarrachtaí chun inbhuanaitheacht a neadú ar fud dhéantús na dtaispeántas, oibriúchán agus pleanála fadtéarmaí, lena léirítear dul chun cinn suntasach na huaillmhéine chun bheith ag feidhmiú mar **mhúsaem athghiniúnach**. Cuireadh **Foireann Ghlas IMMA** nua ar bun chun pleanáil inbhuanaitheachta a stiúradh ar fud ranna, lena n-áirítear dramhaíl a laghdú, straitéisí dícharbónaithe taispeántais, agus rannpháirtíocht chomhshaoil d'fhoireann agus do phobail.

Chuir IMMA beartais fheabhsaithe maidir le soláthar glas i bhfeidhm, tugadh tosaíocht d'ábhair ag a bhfuil tionchar laghdaithe, agus ardstraitéisí maidir le hathúsáid agus ciorclaíocht i ndearadh taispeántas, mar aon le loingseoireacht agus cleachtais bhoscaithe níos inbhuanaithe. Tugadh isteach rialuithe aeráide éighníomhacha, lena socraítear tagarmharc nua do chleachtas taispeántais atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de, fad a bhí córais aeráide bharrfheabhsaithe do stóráil bhailiúchán ag tacú le cúram fadtéarmach níos fearr trí chobhsú teochta feabhsaithe.

Stiúir foirne coimeádaíochta IMMA comhráite ar fud na hearnála ar chleachtas inbhuanaithe, thug siad léachtaí ag **COBÁC** ar dhéantús taispeántas ísealcharbóin, chuir siad le ceardlanna trí a **I'Internationale – Museum of the Commons**, agus ghlac siad páirt i gcomhdhálacha **GREENART (GREen ENdeavour in Art ResToration)**, lena neartaítear ról ceannaireachta IMMA sa nuálaíocht chomhshaoil laistigh d'earnáil an mhúsaeim.

Earth Rising 2025: Ardán an Chultúir Aeráide

Cuireadh fáilte roimh bhreis **16,000 cuairteoir** go **Earth Rising 2025** lena neartaítear staid IMMA mar an tionólaí cultúrtha is mó in Éirinn do chomhráite ar thodhchaí aeráide, gníomhú cruthaitheach ar son na haeráide, agus samhlaíocht éiceolaíoch. Léirítear leis an bhféile, a bhí ar siúl **12–14 Meán Fómhair**, céim shuntasach chun tosaigh i gcumas IMMA chun imeacht poiblí athghiniúna a léiriú ar an mórchóir. Ag **Earth Rising 2025**, a d'fhorbair as leaganacha roimhe, cuireadh le chéile clárú ealaíne uailmhian leis an léiriúchán inbhuanaithe den scoth, barr feabhais oibriúcháin, agus comhoibriú láidir trasranna. Ba é ceann de na príomhéachtaí ná comhpháirtíochtaí neartaithe le **Scouting Ireland** agus **Native Events**. Bhí an chomhpháirtíocht le **Native Events ar an ngearrliosta do Ghradam Inbhuanaitheachta Cruthaithí ESB ag Gradaim Ghnó go hEalaíona 2025**.

Thar 2.5 lá, d'óstáil IMMA os cionn **50 imeacht saor in aisce agus inrochtana**, lena ngníomhachtaítear an campas trí mheán ceoil, cainteanna, ceardlanna, agus taibhithe. Bhí an clár ag teacht go dlúth le taispeántas IMMA **Staying with the Trouble**, le ceithre choimisiún ealaíontóra nua ag freagairt go díreach le téamaí na féile.

Cuireadh mórshuiteáil agus clár poiblí le Radha D'Souza agus Jonas Staal, **Court for Intergenerational Climate Crimes: The British East India Company on Trial**, i Halla Mór IMMA le tacaíocht fhlaitiúil ó Philip Lee LLP. Agus é mar chuid den Court for Intergenerational Climate Crimes (CICC) atá aitheanta ar fud an domhain, déantar iniúchadh ar oidhreachtaí leanúnacha dlí, éiceolaíocha agus sóisialta na gcóras eastóscach coilíneachta sa saothar. Trí thionól cumhachtach d'fhinnéithe neamhdhaonna, fianaise físeáin agus rannpháirtíocht phoiblí bheo, tugadh cuireadh ón tionscadal chuig lucht féachana ceisteanna faoi fhreagracht, cúitimh, agus ceart ar fud glúnta a mheas. Agus an pobal a shuí mar ghiúiré rannpháirteach, is léiriú é an tionscadal ar thiomantas IMMA do dhíospóid rithábachtach, do shamhlaíocht shibhialta agus do chleachtais ealaíne a thugann aghaidh ar dhúshláin phráinneacha an domhain.

Ag an am céanna le seoladh *Earth Rising 2025*, d'éirigh IMMA mar **an chéad mhórinstitiúid chultúrtha in Éirinn chun clárú le Culture Declare Emergency**, lena dtéitear isteach i ngluaiseacht domhanda a ghlaonn ar an earnáil chultúrtha chun freagairt don ghéarcheim aeráide agus éiceolaíoch le práinn, le samhlaíocht agus le freagracht choiteann.

Cothromas, Éagsúlacht, Ionchuimsitheacht agus Ceartas Sóisialta

Bhí an cheannaireacht eiticiúil, an ionchuimsitheacht, agus an fhreagracht shóisialta fós lárnach i misean IMMA in 2025, lena múnlaítear an clárú poiblí agus an cultúr eagraíochta inmheánach araon. Bhí an músaem fós á chur chun cinn mar institiúid shibhialta gníomhach agus é á stiúradh ag tiomantais straitéiseacha fhadtéarmacha IMMA. Ní hamháin go léiríonn sé an tsochaí agus go n-oibríonn sé leis an rún chun dul i ngleic le héagothromas agus chun todhchaí cultúrtha níos córa a chruthú.

I gcomhréir le dea-chleachtais ar fud na hearnála, chuir IMMA an tionscnamh náisiúnta, **Safe to Create**, i bhfeidhm ar bhonn go céimneach ar fud na heagraíochta, lena dtacaítear le timpeallachtaí oibre sábháilte, cothrom agus measúil sna healaíona. Spreagadh baill foirne chun páirt a ghlacadh, lena n-eadaítear prionsabail chomhroinnte chúraim, chuntasachta, agus folláine mar bhonn d'obair níos leithne cothromas agus ionchuimsitheacht.

Nearthaigh IMMA a thiomantas chomh maith do **dhíchoilíniú agus do chleachtas músaeim ionchuimsitheach**, lena leantar le neartú a **Ghrúpa Oibre um Dhíchoilíniú** agus cumas institiúide i dtaobh athbhreithnithe eiticiúil -iarchoilínigh a leathnú. Fad a bhí cuir chuige coimeádaíochta ionchuimsitheacha neadaithe ar fud taispeántas, thacaigh cláir rannpháirtíochta agus comhpháirtíochta pobail le healaíontóirí, lucht féachana agus dearchtaí éagsúla.

Ba gharsprioc shuntasach é seoladh **Mol Rannpháirtíochta: Ealaíon faoi Lán Seoil**, tionscnamh pólótach á mhaoiniú trí mheán **na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige** faoi **Plean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh Ciníochais** na hÉireann. Trí mheán an Mhoil Rannpháirtíochta, bunaítear creat fadtéarmach don oideachas cruthaitheach frithchiníochais, ceannaireacht phobail, dialóg shóisialta faoi threoir ealaíontóra, agus foghlaim agus cuntasacht institiúide, lena gcuirtear IMMA mar óstach agus rannpháirtí araon i bpróisis leantacha éisteachta, foghlama, agus gníomhaithe choitinn.

Bhí comhpháirtíochtaí cultúrtha pobalghníomhacha lárnach san obair sin. D'óstáil IMMA seoladh **Equity in the Workplace** leis an **Dr Ebon Joseph**, chuireamar cláir ar fáil le **Cros Dhearg na hÉireann** lena n-áirítear obair le teaghlaigh ó Gaza, agus chomóramar **Lá Idirnáisiúnta na NA um Idirdealú Ciníoch a Dhíothú** trí cheardlanna cultúrtha poiblí. Pléadh inrochtaineacht, ionchollú, agus ceart luaile i gcomhpháirtíochtaí le **CoisCéim Dance Theatre**, fad a neartaíodh ról IMMA mar spás fáilte, cúraim agus rannpháirtíochta trí mheán ceardlanna poiblí do theaghlaigh iarrtha tearmainn, arna gcur i gcrích le **SICDCA**.

Cuireadh **IMMA Perspectives – A Creative Encounter** ar fáil i mBealtaine 2025 mar chomhpháirtíocht cheannródaíoch idir IMMA, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Skillnet agus ADHD Ireland, arna stiúradh ag ealaíontóirí néara-éagsúla Jody O'Neill agus Dee Roycroft. Tugadh le chéile ealaíontóirí néara-éagsúla gairmiúla ó gach disciplín ag an gclár seachtaine chun pobal ealaíne sealadach a chruthú dírithe ar rochtain, údaracht agus rannpháirtíocht laistigh d'institiúidí cultúrtha a phlé. Trí mheán ceardlanna saincheaptha, seimineáir agus malartú piaraí, tugadh tacaíocht do rannpháirtithe chun a c(h)leachtas a fhorbairt fad a bhí bacainní á sainathint agus réitigh phraiticiúla bunaithe ar eispéireas ó shaol á gcomhchruthú. Ba mhórtoradh ó shin ná oiliúint ó thaithí do bhaill foirne IMMA agus Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus comhdhear ealaíontóirí ceardlanna a thug aghaidh ar an néara-éagsúlacht, inrochtaineacht agus ionchuimsitheacht agus chuir siad na ceardlanna ar fáil. Chuir an clár le foghlaim dhomhain eagraíochta agus atreisiódh tiomantas IMMA chun timpeallacht chultúrtha a chruthú inar féidir le healaíontóirí agus lucht féachana néara-éagsúil páirt iomlán a ghlacadh, stiúradh, agus bheith faoi bhláth.

Mar aon leis an gclár, lean IMMA d'infheistíocht in **athnuachan agus rochtain earnála ar ghairmeacha cultúrtha**. Á bhuí le tacaíocht ó **Rethink Ireland** agus ó **TikTok Digital Futures Fund**, chuir IMMA **clár cúrsa oiliúna íoctha samhraidh 12-sheachtaine** ar fáil i gcomhar le Coláiste Breisoideachas Inse Chór chun aghaidh a thabhairt do bhacainní-seanbhunaithe laistigh den earnáil cultúrtha, lena n-áirítear easpa éagsúlachta, saothar gan phá, agus bearnaí i scileanna digiteacha. Sa chlár, atá i mbun earcaithe ghníomhaigh trí choláistí breisoideachais eile, tacaítear le conairí gairme inbhuanaithe agus neartaíodh ceangail le pobal **Bhaile Átha Cliath 8**. Go dtí seo, chuir **15 oiliúnaí** an clár i gcrích go rathúil, agus léirítear le líon méadaitheach na n-iarratas an t-éileamh láidir agus an tionchar intomhaiste.

Shuigh IMMA é féin in 2025 mar láthair iontaofa de **dhlúthpháirtíocht agus cúram cultúrtha** leis an obair sin go léir. Trí mheán tiomantais leantaigh seachas bearta siombalacha, bhí ionchuimsitheacht agus clárú EDI fós ag cur le haitheantas IMMA mar institiúid phoiblí fhórasach agus mar **spreagadh don athrú fadtéarmach cultúrtha agus sibhialta**.

Croílár 2: Spás Poiblí go Radacach

In 2025, lean IMMA lena thionscadal uailmhianach chun an músaem a athshamhlú ní hamháin áit taispeána ach mar champas poiblí ó bhonn: réimse oscailte fáilteacha ina dtagann guthanna, pobail agus smaointe éagsúla le chéile. Bhí fearann an mhúsaeim mar thórdhreach cultúrtha beo: áit arna múnú ag an úsáid laethúil agus ag an gclárú foirmiúil araon. I gcaitheamh na bliana, bhí láithreán 48 acra IMMA mar spás chomhroinnte le teacht le chéile agus le malartú, beoite ag imeachtaí beo, ealaín phoiblí, foghlaim, comhrá, agus tráthanna sosa. Ó theaghligh ag siúl agus ag teacht le chéile ar an bhfearann, go rithimí ceoil, scannáin agus taibhithe á macallú trí na clóis agus na gailearaithe, chothaigh IMMA timpeallacht ina bhfuil an ealaín chomhaimseartha fite fuaite sa saol laethúil. Mar gheall ar an tiomantas leantach sin, lean an t-áras lena theagmháil a leathnú, lena gcuirtear cuireadh chuig lucht féachana níos leithne agus níos éagsúla chun a bpointí ceangail féin le healaín agus le cultúr a aimsiú, agus lena gcothaítear mothú géar muintearais, oscailteachta, agus féidearthachta coitinne.

Living Canvas at IMMA

Seoladh *Living Canvas at IMMA* in 2025 mar mhór-chomhpháirtíocht idir IMMA agus IPUT Real Estate, an comhlacht infheistíochta réadmhaoinne is mó in Éirinn agus tacadóir seanbhunaithe na n-ealaíona, lena dtugtar an scáileán digiteach ealaíne is mó san Eoraip go Faiche Thosaigh an árais. Bunaithe mar thionscnamh ilbhliantúil, léirigh an clár sraith taispeána allamuigh, saor in aisce, ó cheann ceann na bliana de scannáin ealaíne chomhaimseartha agus saothair íomhá gluaistí le healaíontóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta. Suite laistigh d'fhearann stairiúil IMMA, leathnaigh *Living Canvas* an t-áras isteach sa ríocht phoiblí, lena dtairgtear rochtain oscailte ar amharc-chultúr uailmhianach agus lena gcuirtear fáilte roimh lucht féachana chun bheith páirteach le healaín chomhaimseartha i suíomh réchúiseach agus comhroinnte. Sa chlár bhí comhpháirtíochtaí taispeána le Dublin International Film Festival, RDS, agus Beta Festival, lena gcuirtear fáilte roimh na mílte cuairteoirí, agus go leor acu ag teacht go IMMA den chéad uair. D'éirigh *Living Canvas* mar cheann de na hardáin is inrochtana de chuid IMMA go tapa, chuaigh sé i bhfeidhm ar theaghligh, ar dhaoine óga, agus ar lucht féachana idirghlúine, agus mar gheall air cuirtear IMMA go daingean mar Spás Poiblí ó Bhonn.

Saol Poiblí Séasúrach agus Feachtais Chultúrtha

Bhí an meon oscailteachta sin mar mhacalla ar fud **An Samhradh ag IMMA**, agus arís bhí an campas beoite mar cheann scríbe saor in aisce, fáilteach don chultúr, don chruthaitheacht, agus don cheangal. Feachtais phoiblí shéasúraacha le linn na bliana lena gcomórtar Lá Idirnáisiúnta na mBan, Lá Fhéile Pádraig, Seachtain na Gaeilge, Bealtaine, Seachtain na Rothar, Seachtain an Aosaith Dhearfaigh agus Mí Alzheimer a chuir ábhar ealaíne, cainteanna, ceardlanna, tionscnaimh inrochtaineachta agus scéalaíocht dhigiteach isteach i saol poiblí IMMA. Méadaíodh rannpháirtíocht ar an láthair agus ar líne leis na gníomhachtuithe sin, lena n-atreisiúitear ról IMMA mar spás sibhialta freagrúil a léiríonn aitheantais, ábhair imní, agus spéiseanna na hÉireann chomhaimseartha.

Rannpháirtíocht agus Foghlaim: Teaghligh, Scoileanna agus Múinteoirí

Neartaíodh an cur chuige poiblí ó bhonn sin a thuilleadh le clár Rannpháirtíochta agus Foghlama IMMA. Bhí tionscnaimh do theaghligh agus do luathbhlianta amhail **Explorer Sundays** agus **Parent & Baby Hour** i gcónaí lán, lena gcuirtear pointí iontrála réchúiseacha, cruthaitheacha ar fáil sa mhúsaeim agus lena gcothaítear rannpháirtíocht ilghlúnta.

Bhain na clár scoile amach líonta móra scoláirí bunscoile, meánscoile agus tríú leibhéal, agus bhí sé ag teacht leis an taispeántas **Bailiúchán IMMA: Art as Agency** agus arna dtacú ag acmhainní láidre a bhí deartha ag múinteoirí chun críche úsáid fhadtéarmach sa seomra ranga. Nearthaíodh an tionchar

náisiúnta trí mheán oiliúint do mhúinteoirí a cuireadh i gcrích i gcomhar le **hOide**, agus **Comhdháil Náisiúnta Chumann Múinteoirí Ealaíne na hÉireann a óstáil**, agus cuireadh fáilte roimh **150 múinteoir ealaíne** ó cheann ceann na hÉireann.

Comhpháirtíochtaí Pobail agus Comhoibriú Áitiúil

Bhí comhpháirtíochtaí pobail fós lárnach do mhisean poiblí IMMA. Tionscadail amhail **Welcome to the Neighbourhood**, comhpháirtíochtaí le **Grúpa Comhairleach don Óige, Helium Arts**, agus tionscnaimh do na healaíona sa tsláinte i lárchathrach thuaidh Bhaile Átha Cliath lena gcinntíodh nach raibh daoine óga, scoileanna áitiúla, agus pobail imeallacha mar chuairoteoirí amháin ach mar rannpháirtithe.

Comhoibriú láidir le **comhpháirtithe Bhaile Átha Cliath 8**, ó **Culture Date with Dublin 8** agus **Richmond Barracks** go comharghrúpaí áitiúla na n-ealaíon agus grúpaí luaile, a neadaigh IMMA laistigh dá chomharsan thart air, lena gcothaítear comh-mhalartú agus úinéireacht chomhroinnte an champais mar spás sibhialta.

COMHALTAÍ IMMA

D'fhás COMHALTAÍ IMMA mar phobal cultúrtha bríomhar agus mar fhoinsé tábhachtach tiomsaithe airgid don Áras in 2025. Chuir an clár bealaí ar leith ar fáil do chomhaltaí chun dul i bpáirt le IMMA trí chomhoibriú i dtaobh folláine, faisin, scéalaíochta, agus naisc shóisialta de. Áiríodh sna buaicphointí ióga Gaeilge ar an mórchoir agus imeacht ceoil le **Tabhair Aire**, comhrá le **Simone Rocha agus Perry Ogden** a bhí díolta amach, imeacht painéil le **Earth Rising** lena bpléítear todhchaí coiteann, agus oíche scéalaíochta le **Seanchóiche** sa Séipéal Barócach. Neartaíodh COMHALTAÍ IMMA leis na himeachtaí sin mar spás dinimiciúil don cheangal, don chruthaitheacht, agus don eispéireas cultúrtha comhroinnte.

Gníomhaíocht Tráchtála a Ailíniú le Cuspóir an Phobail Gníomhaíocht Tráchtála agus Gníomhachtú Campais

In 2025, bhí ról ríthábhachtach ag gníomhaíochtaí tráchtála IMMA i mbeochan an champais iomláin, lena dtacaítear le hinbhuanaitheacht airgeadais fad atáimid fós ag teacht go dlúth le misean agus luachanna poiblí an mhúsaeim. Trí **Ionaid IMMA**, d'éirigh leis an áras cothromaíocht a fháil idir ghníomhaíocht tráchtála ardphróifíle agus imeachtaí sibhialta, cultúrtha agus faoi threoir an phobail, lena léirítear tiomantas IMMA don inrochtaineacht, don ionchuimsitheacht, agus don rannpháirtíocht poiblí.

I gcaitheamh na bliana, d'óstáil IMMA réimse leathan imeachtaí sibhialta agus náisiúnta lena n-áirítear **ceiliúradh Lá na hAfraice**, lena n-atreisiúntar an campas mar spás don tionól idirchultúrtha agus don cheangal poiblí. Áiríodh sna himeachtaí dírithe ar an earnáil phoiblí agus ar bheartas **comhdháil náisiúnta CUAN**, imeachtaí leis an **FSS** agus le **hOidhreacht Éireann**, agus seoladh *Equity in the Workplace*, lena dtreisiúntar ról IMMA mar ionad iontaofa do dhialóg, d'fhoghlaim agus d'athrú sóisialta. Mar gheall ar imeachtaí corparáideacha idirnáisiúnta, tugadh lucht féachana domhanda nua chuig an láithreán, fad a bhí na sineirgí idir an gclárú ealaíne agus an gníomhaíocht tráchtála á neartú.

Bhí straitéis ionaid athnuaite mar thacaíocht don bhfás sin. In 2025, thug Ionaid IMMA isteach **tairseach ionad ar líne** nua, lena méadaítear infheictheacht do chliaint náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus mar gheall ar mhargaíocht dírithe ar ionchuimsitheacht, cinntíodh gur rinne imeachtaí a óstáladh

ar an láithreán ionadaíocht do réimse pobal agus dearchtaí. Le chéile, threisigh na forbairtí sin clú IMMA mar ionad cultúrtha solúbtha agus faoi threoir luachanna atá in ann tacú le húsáid na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí.

Imeachtaí Ceoil agus Beo

Bhí ról tábhachtach ag imeachtaí ceoil agus ag imeachtaí beo i nginiúint ioncaim agus spásanna allamuigh IMMA a ghníomhachtú, agus mheall **ceolchoirmeacha agus taibhithe ar an mórchoir** lucht féachana nua chuig an gcampas agus leathnaíodh teagmháil chultúrtha IMMA níos faide ná daoine a théann chuig músaem go traidisiúnta. Atreisíodh leis na himeachtaí sin aitheantas IMMA mar cheann scríbe cultúrtha dinimiciúil áit ina mbíonn ealaíon, ceol, saol sóisialta agus tionól an phobail taobh le chéile laistigh de thírdhreach sibhialta comhroinnte.

Comhoibriú ar mhaithe le Leas an Phobail

In 2025, d'fhorbair IMMA comhoibriú nuálach poiblí príobháideach i gcomhar le **POD agus Aiken Promotions**, tionscnóir *All Together Now*, lena dtaispeántar samhail nua comhoibrithe atá ag teacht le gníomhaíocht tráchtála ag a bhfuil tionchar sóisialta agus cultúrtha. Bhí **The Great Oven** lárnach don chomhpháirtíocht sin, tionscnamh an phobail a chruthaíonn oighinn phobail ar an mórchoir do champaí teifeach agus pobail atá i ngátar. Maisíodh dhá oigheann ag IMMA ag ealaíontóirí sráide mór le rá **Aches and Maser**, agus seoladh é ag *All Together Now* mar chuid de **Great Oven Disco Cantina**, agus ina dhiaidh sin cuireadh iad chuig an mBruach Thiar agus **Páirc Chnocán Uí Dhálaigh** le CP Bohemian, lena gcruthaítear droichead cultúrtha idir Éirinn agus an Phalaistín agus lena smaoinear ar urraíocht mar éacht shibhialta chomhroinnte.

Caifé IMMA nua

Cuireadh le heispéireas an chuairteora a thuilleadh le ceadú ceadúnais nua do **Fruition**, comhpháirtí bia seanbhunaithe atá á spreagadh ag luachanna. Chuir Fruition, a d'oscail ar bhonn céimneach ó **Aibreán 2025**, le heispéireas campais níos fáiltí agus níos bríomhaire, lena dtacaítear le hamanna níos faide ag fanacht thart agus lena spreagtar úsáid shóisialta neamhfhoirmiúil an fhearainn ag pobail áitiúla agus cuairteoirí araon.

Croílár 3: Lárionad Taighde agus Nuálaíochta

Leanadh le ról IMMA mar Lárionad Taighde agus Nuálaíochta a neartú in 2025, lena n-atreisítear staid an Mhúsaeim mar láithreán don fhiosrúchán criticiúil, táirgeadh eolais, agus malartú idirdhisciplíneach. Bhí cleachtas spreagtha ag taighde ar fud bailiúchán, cartlann, cónaitheachta, agus comhpháirtíochtaí acadúla mar bhonn faoi chlár poiblí IMMA, lena dtacaítear le guthanna atá ag teacht chun cinn agus guthanna seanbhunaithe fad a bhí gach comhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta á neartú.

Tionscadail faoi Threoir ag Taighde agus Maoiniú

In 2025, rinne IMMA dul chun cinn suntasach chun tionscnaimh faoi threoir taighde a fháil agus a chur i gcrích lena n-ailínítear cleachtas ealaíne le hábhair imní phráinneacha shóisialta agus stairiúla. Daingníodh tacaíocht mhór do **Recording History**, tionscadal taighde ilbhliantúil faoi threoir an **Dr Isobel Harbison**, **Comhlach Taighde IMMA 2025–2026**. Sa tionscadal, arna sheachadadh i gcomhar le **Goldsmiths, University of London**, **Ulster Museum** agus **Public Records Office of Northern Ireland**, stairseanchas ealaíontóirí agus scannánóirí a bhí gníomhach i dTuaisceart na hÉireann idir 1968 agus 1990 a thaifeadh, agus cuirtear na comhráite sin os comhair lucht féachana éagsúla trí thaispeántais, ceardlanna, agus imeachtaí poiblí. Cuireann an tionscadal le téama taighde cúig bliana IMMA, **Technologies of Peace**, a thrasnaíonn cónaitheacht taighde, taispeántais agus tionscnaimh bailiúcháin lena bpléitear cuimhne, coimhlint agus todhchaí iarchoilíneach. Mar chuid de **Sheachtain Oidhreacht Náisiúnta 2025**, léirigh IMMA **Recording History: Picturing Derry, plé poiblí lena ndéantar machnamh ar oidhreacht chlár faisnéise 1985 Picturing Derry, le stiúrthóirí Sylvia Stevens agus David Fox i gcomhrá leis an Dr Harbison. Trí mheán an tionscadail, arna thacú le Ciste Sochaí Sibhialta an Oileáin Chomhroinnte de chuid Roinn Gnóthaí Eachtracha na hÉireann, Comhairle Oidhreacht na hÉireann, Ecclesiastical Insurance (Ireland) agus the Benefact Group, cuireadh IMMA mar ardán tábhachtach don taighde, don dialóg, agus don rannpháirtíocht poiblí i dtaca le cothú na síochána, déantús íomhá agus cuimhne stairiúil.**

Aimsíodh tuilleadh infheistíochta sa bhonneagar taighde trí thacaíocht leanúnach ó **Pollock-Krasner Foundation** do Chlár Cónaitheachta IMMA, lena n-atreisítear inbhuanaitheacht fhadtéarmach taighde faoi threoir ealaíontóra ag an Áras. Ag an am céanna, áiríodh IMMA i dtionscnaimh taighde chomhoibríocha maoinithe ag an AE agus i dtograí digitithe idirnáisiúnta, lena leathnaítear an cumas chun obair idirdhisciplíneach a dhéanamh amach anseo.

Bailiúchán an IMMA: Bailiúcháin, Cartlanna agus Caomhnú Eolais

Tá Bailiúchán agus Cartlann IMMA fós lárnach i misean taighde an Árais. I gcaitheamh na bliana, rinneadh céimeanna suntasacha chun tosaigh i gcatalógú, i gcaomhnú, agus i ndigitiú ar fud na bpríomhchartlann ealaíontóirí, lena n-áirítear Patricia Hurl, Paul O'Neill, agus Nigel Rolfe. Bhí dul chun cinn san obair ar chatalógú agus digitiú chartlann Brian O'Doherty, agus nuair a bheidh sé curtha i gcrích cinnteofar rochtain fhadtéarmach ar cheann de na cartlanna ealaíne coincheapúla is tábhachtaí de chuid na hÉireann. Beidh an t-ábhar sin mar chnámh droma Fhoghlaim Iomlánaíoch agus Lárionad Taighde IMMA amach anseo.

Bailiúchán IMMA a Thógáil

Tá forbairt Bailiúcháin IMMA lárnach do ról an mhúsaeim mar Institiúid Náisiúnta Chultúrtha Nua-Ealaín agus Comhaimseartha na hÉireann. Is acmhainn phoiblí bheo é an Bailiúchán lena gcaomhnaítear oidhreacht ealaíne, lena dtacaítear le cleachtas reatha, agus lena gcumasaítear taighde, léiriú, agus rannpháirtíocht amach anseo. Trí shealbhú, caomhnú, taighde, agus taispeántas,

cinntíonn IMMA go bhfuil saothar na n-ealaíontóirí atá nasctha le hÉirinn, taobh le cleachtais shuntasacha idirnáisiúnta, á chosaint agus inrochtana do lucht féachana éagsúla, anois agus amach anseo araon.

Cuireann IMMA lena Bhailiúchán trí chur chuige straitéiseach agus cothromaithe go cúramach lena gcuirtear **tabhartas, ceannachán, ceannachán cuidithe** agus tabhartais faoi **Alt 1003 d'Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997**. Cuirtear an músaem ar a chumas, leis an tsamhail sin, chun freagairt go dinimiciúil d'fhorbairtí ealaíne, sóisialta, agus stairiúla fad a ndéantar luach poiblí a uasmhéadú agus tacaíocht dhaonchairdiúil a ghairiúil. Tá tabhartais fós mar bhunchloch an fháis bhailiúcháin, lena léirítear flaitiúlacht agus iontaobh na n-ealaíontóirí, na n-eastát, agus na mbailitheoirí príobháideacha, fad a ligtear do IMMA aghaidh a thabhairt ar na príomhbhearnaí agus ionadaíocht ar fud meán, glúnta, agus smaointe a neartú trí mheán na gceannachán spriocdhírthe.

Fás an Bhailiúcháin in 2025

In 2025, leathnaigh IMMA an Bailiúchán go suntasach, le réimse leathan saothar ag dul isteach sna sealbhúcháin trí mheán tabhartais, ceannachán agus Alt 1003. Tá péintéireacht, líníocht, dealbhóireacht, grianghrafadóireacht, agus suiteáil, agus áirítear saothair le **Roy Johnston, Alice Maher, Brian O'Doherty, Hilary Heron, Barrie Cooke, Cecil King, Sam Gilliam, Jo Baer, Patrick Scott, Fergus Feehily, Jacinta Feeney, Tony O'Malley, Leonora Carrington**, agus **Cecilia Vicuña**. I dteannta a chéile, bíonn na saothair sin ag neartú rannpháirtíocht an Bhailiúcháin le teibíocht, tírdhreach, polaitíocht, éiceolaíocht, feimineachas agus startha ealaíne domhanda, lena dtreisítear tiomantas IMMA d'oidhreacht ealaíne na hÉireann agus a ceangail chultúrtha idirnáisiúnta araon a léiriú.

Bhí ról tábhachtach ag sealbhúcháin faoi Alt 1003 i saibhriú an Bhailiúcháin, lena gcumasaítear IMMA chun saothair shuntasacha go cultúrtha ar chaighdeán den scoth a fháil, **Leonora Carrington** agus **Cecilia Vicuña** go háirithe i mbliana, fad a chinntítear a n-inrochtaineacht phoiblí fhadtéarmach. I dteannta leis sin, bhí ceannacháin straitéiseacha ann, lena n-áirítear saothair le **Alex Cecchetti, Patrick Hennessy, Elizabeth Cope** agus **Eimear Walshe**, a bhí mar thacaíocht don chleachtas comhaimseartha agus leathnaíodh raon an Bhailiúcháin i gcomhréir le clárú ealaíne agus tosaíochtaí taighde IMMA.

Chomh maith leis sin, tá IMMA fós ag cur lena chumas chun bailiú go réamhghníomhach trí thionscnaimh amhail **IMMA Collectors Circle**, pobal daonchairdiúil tiomanta a bunaíodh chun cumas an mhúsaeim chun saothair thábhachtacha a shealbhú don Bhailiúchán Náisiúnta a neartú. Cuireann comhaltaí an Chiorcail Bailitheoirí, trí thabhartas coiteann bliantúil, maoiniú straitéiseach, solúbtha lena ligtear do IMMA freagairt go cinniúnach ar dheiseanna sealbhaithe, chun aghaidh a thabhairt ar phríomhbhearnaí agus chun saothair de thábhacht ealaíne agus chultúrtha den scoth a fháil. Bíonn ról ríthábhachtach ag an tionscnamh chun tacú le fás inbhuanaithe bailiúcháin, lena n-atreisítear úinéireacht phoiblí ealaíne, agus lena gcinntítear go bhfuil na saothair atá lárnach le misean IMMA fós inrochtana do lucht féachana in Éireann san fhadtéarma.

Taighde, Cúram agus Gníomhachtú Poiblí

Tá taighde coimeádaíochta dian, bainistíocht láidir bailiúcháin agus saineolas speisialtóireachta caomhnaithe mar bhonn faoi chur chuige IMMA i dtaca le bailiú, lena gcinntítear na caighdeáin chúraim is airde agus cuntasacht phoiblí. Aithníodh an tiomantas sin go foirmiúil in 2025 nuair a fuair IMMA **Creidiúnú Eatramhach ó Chlár um Chaighdeáin Músaeim in Éirinn (MSPI) na Comhairle Oidhreachta** ag searmanas gradam náisiúnta i gCaisleán Chill Chainnigh. Dearbhaítear barr feabhais sa rialachas, sa chúram bailiúcháin, sna taispeántais, san oideachas, agus i seirbhísí do

chuaiteoirí le creidiúnú MSPI, agus léiríonn aitheantas IMMA tábhacht an chleachtais ghairmiúil a thacaíonn leis an mBailiúchán Náisiúnta.

Gníomhachtaítear an Bailiúchán, trí thaispeántais lena n-áirítear **Bailiúchán IMMA: Art as Agency** mar láithreán fiosrúcháin, lena gcumasaítear na saothair ealaíne chun cialla nua a ghiniúint trí thaispeántas, léiriú, agus rannpháirtíocht phoiblí. Agus an cur chuige leantach agus straitéiseach sin i bhfeidhm, leanann IMMA ar aghaidh le Bailiúchán a léiríonn saibhreas agus castacht an chleachtais ealaíne agus atá ina shócmhainn chultúrtha ríthábhachtach a chruthú agus aire a thabhairt dó: lena dtacaítear le healaíontóirí; lena gcothaítear taighde; agus lena ndearbhaítear misean poiblí an mhúsaeim in Éirinn agus ar fud comhthéacsanna idirnáisiúnta.

Comhpháirtíochtaí Ardoideachais agus Acadúla

Bhí IMMA fós ag feidhmiú mar láithreán gníomhach foghlama agus taighde do chomhpháirtithe ardoideachais in 2025, cuireadh fáilte roimh scoláirí agus taighdeoirí ó **Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta, COBÁC, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus institiúidí Erasmus** idirnáisiúnta. Le linn na bliana, bhí na mílte scoláirí i mbun rannpháirtíochta le IMMA trí mhodúil taighde, cláir forbartha gairmiúla, socrúcháin agus foghlaim bunaithe ar chartlanna, lena neadaítear bailiúcháin, taispeántais, agus láithreán stairiúil an mhúsaeim laistigh den churaclam acadúil. Áiríodh sna príomhthionscadail chomhoibríocha **Place Project na hInstitiúide Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta**, modúil taighde grianghrafadóireachta a fhreagraíonn do Bhailiúchán IMMA, **cláir forbartha gairmiúla an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha**, agus socrúcháin taighde iarchéime dírithe ar chartlanna agus ar thionscnaimh idirnáisiúnta amhail **L'Internationale – Museum of the Commons**. Leis na comhpháirtíochtaí sin, tá IMMA, ní hamháin mar thaisclann eolais, ach mar rannpháirtí gníomhach do theagasc, taighde agus forbairt ghlúnta amach anseo ealaíontóirí, coimeádaithe agus cleachtóirí cultúrtha.

Malartú Eolais agus Foghlaim Phoiblí

In 2025, lean IMMA le malartú eolais agus foghlaim phoiblí a chur i lár a ról mar institiúid chultúrtha shibhialta atá faoi threoir taighde, lena leathnaítear foghlaim i bhfad ón gcomhthéacs foirmiúil acadúil. Gníomhachtaíodh taighde agus plé tábhachtach trí chlár leathan léachtaí, comhráite faoi threoir coimeádaí, siompóisiamáí, scoileanna samhraidh, agus cainteanna poiblí a thug ealaíontóirí, scoláirí, mic léinn agus lucht féachana le chéile i gcomhrá leantach. Ba bhuaicphointe mór é **Scoil Samhraidh an Tírdhreacha (iar) Choimhlinte**, forbartha i gcomhar le **Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha** mar chuid de **L'Internationale – Museum of the Commons**, a thionóil ealaíontóirí, teoiricithe, agus oideachasóirí idirnáisiúnta do dhianseachtain de léachtaí, ceardlanna, díospóidí, agus turais arna n-óstáil ar fud IMMA agus láithreáin i mBaile Átha Cliath. Léiríodh ról méadaitheach IMMA mar mhol do mhalartú taighde trasnáisiúnta agus don fhiosrúchán criticiúil leis an bhfreagairt idirnáisiúnta láidir agus le líon ard na n-iarratas.

Nearthaíodh an fhoghlaim phoiblí a thuilleadh trí chlár **Chainteanna IMMA**, lena gcuireadh féilire lán de chomhráite gailearaí, cainteanna ealaíontóra agus díospóidí faoi threoir taighde nasctha leis na taispeántais, leis na cartlanna, agus leis na gníomhaíochtaí cónaitheachta. Áiríodh sna buaicphointí caint ealaíontóra agus comhrá le **Candice Breitz** a rinne iniúchadh ar na meáin, ar chumhacht, agus ar ionadaíocht; imeachtaí **I gComhrá** ina raibh ealaíontóirí agus coimeádaithe amhail **David Kronn agus Seán Kissane**; agus an plé poiblí **Hamad Butt: Apprehensions & Legacies**, ina phléigh saothar, tionchar, agus ábharthacht leanúnach an ealaíontóra. Cainteanna faoi threoir coimeádaí, lena n-áirítear comhráite gailearaí ar thaispeántais amhail *Kith & Kin: The Quilts of Gee's Bend*, mar aon le himeachtaí bunaithe ar chartlann nasctha le cláir taighde IMMA, a chinntigh go raibh na smaointe casta inrochtana do lucht féachana leathan.

Leis an Scoil Samhraidh agus clár Chainteanna IMMA, atreisíodh tiomantas IMMA don fhoghlaím mar phróiseas oscailte, ionchuimsitheach agus páirteach go sóisialta, próiseas lena gcuirtear taighde laistigh den saol poiblí agus lena ndearbhaítear an músaem mar spás don eolas comhroinnte, don díospóid agus don mhachnamh.

Cónaitheacht agus Taighde Ealaíne

Bhí Clár Cónaitheachta IMMA fós mar bhunchloch do thaighde agus d'uailmhian ealaíne an mhúsaeim in 2025, lena gcuirtear am, spás, agus tacaíocht chriticiúil ar fáil d'ealaíontóirí agus do thaighdeoirí in institiúid náisiúnta chultúrtha ina bhfuil oidhreacht agus cleachtas comhaimseartha á dtrasnú. Ó bunaíodh an clár in 1995, thug **383 ealaíontóir** faoi chónaitheacht ar láithreán uathúil 48 acra IMMA, lena gcuirtear le táirgeadh ealaíne, taighde, agus plé poiblí i mbealach suntasach.

In 2025, chuir IMMA tús le **Bí i do Chónaí Anseo**, samhail chónaitheachta nua faoi threoir taighde lena n-athshamhlaítear an chónaitheacht traidisiúnta mar eispéireas idirdhisciplíneach, neadaithe. Mheall an clár píolótach **408 iarratas**, agus **roghnaíodh 16 ealaíontóir ó 12 tír**, a d'fhabhraigh cohórt thar a bheith éagsúil. Trí mheán *Bí i do Chónaí Anseo*, lena dtugtar le chéile stiúideonna saora i mBloc an Stábla stairiúil, lóistín ar an láithreán, rochtain ar bhailiúcháin agus ar chartlanna IMMA, agus caidreamh gníomhach dlúth le foirne coimeádaíochta agus taighde, cumasaíodh piarmhalartú agus fiosrúchán coiteann. Agus na cónaitheoirí neadaithe i saol an mhúsaeim d'aon ghnó, chuir siad le sraitheanna taighde beo IMMA agus bhain siad leas as plé leantach agus struchtúir oibre chomhroinnte i mbealach fiúntach. Gníomhachtaíodh a dtaighde trí chainteanna os comhair an phobail, ceardlanna, díospóireachtaí, agus foilseacháin, lena gcothaítear malartú idir ealaíontóirí, scoláirí, baill foirne agus spriocphobail.

Comhtháthaíodh gach cónaitheacht go daingean in éiceachóras taighde níos leithne IMMA, lena n-áirítear tionscnaimh amhail **Technologies of Peace**, **Ireland Invites** agus comhpháirtíochtaí acadúla, lena léirítear cur chuige aontaithe, trasinstitiúide i dtaca leis an taighde. Leagadh béim ar luach an clár píolótach *Bí i do Chónaí Anseo*, lena rath, d'ealaíontóirí rannpháirteacha agus don mhúsaeim araon, lena mbunaítear é mar shamhail ar leith agus ábhartha go hidirnáisiúnta do thacaíocht ealaíontóirí fréamhaithe i gcomhoibriú, i gcúram agus i bhfiosrúchán comhroinnte, agus lena leagtar béim ar ról lárnach an Chláir Cónaitheachta i straitéis taighde fhadtéarmach IMMA.

IMMA Horizons: Ceannródaíocht a dhéanamh ar Ealaín, Sláinte agus Folláine

In 2025, lean **IMMA Horizons** le bheith ag feidhmiú mar thionscnamh ceannródaíoch agus suntasach ó thaobh straitéise de, lena gcuirtear IMMA ar thús cadhnaíochta na n-institiúidí cultúrtha a bhíonn ag tabhairt faoin tsláinte, faoin aosú agus faoin bhfolláine trí mheán na healaíne comhaimseartha. Léiríonn *IMMA Horizons*, a cumadh mar chreat fadtéarmach seachas clár scoite, tiomantas an mhúsaeim do ról an mhúsaeim a leathnú mar láithreán cúraim, taighde agus luacha phoiblí ina mbíonn an t-eispéireas saoil, an chruthaitheacht agus an fhreagracht shóisialta á dtrasnú. Mar cheann de na chéad tionscnaimh dá leithéid neadaithe in Institiúid Náisiúnta Chultúrtha in Éirinn, déanann *IMMA Horizons* ionadaíocht don aistriú d'aon ghnó i dtreo cleachtas faoi threoir taighde, gníomhach go sóisialta lena gcuirtear folláine agus leas an phobail i lár chuspóir na hinstitiúide.

I gcomhar le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta lena n-áirítear **Global Brain Health Institute (GBHI)**, **Mercer's Institute for Successful Ageing** ag Ospidéal San Séamas, an Chomhairle Ealaíon, an **FSS** agus eagraíochtaí tathanta, neartaigh *IMMA Horizons* staid an mhúsaeim mar ionad cultúrtha cúramlártha. Ba bhuaicphointe suntasach na bliana é **Architectures of Care**, comhrá poiblí arna óstáil ag IMMA i gcomhar le GBHI, nuair a tugadh le chéile an tOll. Rose Anne Kenny, Annie Fletcher agus Comhalta GBHI Brian Kennedy. Pléadh sa chomhrá ról an chultúir, na

cruthaitheachta agus institiúidí sibhialta chun tacú le haosú sláintiúil, ceangal sóisialta agus folláine choiteann. Trí cheannairí ó réimse ealaíne, sláinte agus néareolaíochta a thionól, threisigh IMMA a staid mar phríomhardán don dialóg idirdhisciplíneach ag trasnú an chleachtais chruthaithigh, shláinte na hinchinne agus luacha phoiblí, lena gcuirtear uailmhianta IMMA Horizons chun tosaigh a thuilleadh.

Cuireadh an fócas straitéiseach sin chun tosaigh a thuilleadh trí ábhair ionchuir chuig líonraí idirnáisiúnta taighde, fóraim phoiblí maidir le hoideasú sóisialta agus sláinte na hinchinne, rannpháirtíocht i gcomhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus éabhlóid leantach an chleachtais ionchuimsithigh néaltraithe i bplé le clár Azure IMMA. Leathnaigh gníomhaíocht ar fud an champais agus isteach i bpobail trí rannpháirtíocht ar an láithreán, cuairteanna chuig tithe altranais, ceardlanna néaltraithe saincheaptha agus seisiúin dhigiteacha Armchair Azure, lena gcinntítear gur bhain rochtain agus tionchar amach teagmháil i bhfad ó bhallaí an árais.

Chomh maith leis sin, bhí ról ceannaireachta ag IMMA i gcomhroinnt eolais earnála, cuireadh a mhodheolaíochtaí rannpháirtíochta néaltraithe i láthair ag comhdhálacha idirnáisiúnta néaltraithe, agus cuireadh le forbairt cleachtais chultúrtha ionchuimsithigh ar fud earnáil na n-ealaíon agus earnáil na sláinte. Tugadh tacaíocht do dhaoine atá ag maireachtáil agus gortú inchinne faighte acu agus lena dteaghlach le ceardlanna trasdisciplíneacha ***In the Moment***, lena gcomhtháthaítear féachaint mhall, aireachas, luail agus déantús cruthaitheachta, lena léirítear luach na n-ealaíon comhtháite agus na samhlacha sláinte. Trí mheán a chomhpháirtíocht le **GHBI**, lean IMMA le taighdeoirí idirnáisiúnta ar fud leighis, néareolaíochta, geirinteolaíochta agus taighde sláinte bunaithe ar na healaíona a thionól, lena gcuirtear mórshraith taighde ag trasnú na n-ealaíon, eolaíocht na hinchinne, agus fholláine an phobail chun tosaigh. Forbraíodh an obair sin a thuilleadh le **CliCBrain (Climate + Brain Health)**, lena leathnaítear Horizons isteach sa réimse atá ag teach chun cinn lena nasctar dálaí comhshaoil, rannpháirtíocht chultúrtha, agus athléimneacht chognaíoch.

I dteannta le chéile, chuir na tionscnaimh sin *IMMA Horizons* mar shamhail institiúide cheannródaíoch don chaoi is féidir le heagraíocht chultúrtha náisiúnta cur le sláinte, folláine agus caighdeán na beatha i mbealach fiúntach.

Nuálaíocht Dhigiteach

In 2025, chuir IMMA a chlár bunathraithe chun tosaigh trí nuálaíocht dhigiteach shuntasach, lena n-áirítear seoladh teorach cuairteora Smartify agus an ardáin dhigitigh tiomsaithe airgid iRaiser. Mar chuid d'athnuachan infreastruchtúir fadtéarmach IMMA, d'athshamhlaigh Smartify eispéireas an chuairteora trí uirlisí arna gcumasú ag IS amhail aitheantas íomhá, cúrsaí taistil saincheaptha, turais, aistriúchán uathoibríoch, agus téacs go teanga lena ndéantar an t-áras níos inrochtana, níos suimiúla, agus níos ionchuimsithí do lucht féachana éagsúla. Tugadh aitheantas náisiúnta don obair sin nuair a fuair IMMA ainmniúchán sa chatagóir *IS sa Rialachas* ag **Gradam rRialtais na hÉireann**, lena leagtar béim ar cheannaireacht i nuálaíocht dhigiteach na seirbhíse poiblí. I dteannta leis sin, neartaigh iRaiser cumas tabhartais digiteach IMMA, lena dtacaítear le giniúint ioncaim inbhuanaithe. In éineacht leis an rianú lucht féachana feabhsaithe agus PTFanna digiteacha, chumasaigh na tionscnaimh sin cinnteoireacht bunaithe ar shonraí, lena dtacaítear le forbairt lucht féachana, lena spriocdhírítear ar ghrúpaí nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu, lena neartaítear cásanna maoinithe, agus lena gcuirtear mar bhonn faoi phleanáil fhadtéarmach faoi Straitéis 2024–2028 IMMA.

Féachaint ar Aghaidh

Nearthaigh IMMA a aitheantas mar Lárionad Taighde agus Nuálaíochta ag a bhfuil lucht teagmhála idirnáisiúnta agus ábharthacht áitiúil nuair a neadaíodh taighde ar fud bailiúchán, cartlann, cláir chónaitheachta, clár foghlama agus poiblí. Tá an infheistíocht i mbonneagar, i gcomhpháirtíochtaí, agus i ndaoine in 2025 mar bhunús daingean do leánn amach anseo, comhoibriú trasearnála, agus malartú eolais, lena gcruthaítear an chonair do **IMMA chun bheith ina Lárionad d’Fhoghlaim Iomlánaíoch agus Taighde**, agus lena gcinntítear go leantar leis an taighde a úsáid chun eolas a dhéanamh do mhisean ealaíne agus sibhialta IMMA agus chun é a mhúnlú.

Croílár 4: Nascóir Domhanda

Is faoi chroílár an Nascóra Domhanda, cuirtear uailmhian an mhúsaeim chun **láithreachta chultúrtha na hÉireann a mhéadú go hidirnáisiúnta**, le **malartú fiúntach ealaíne agus coimeádaíochta a chumasú**, agus **IMMA a neadú laistigh de líonraí domhanda** d'ealaíontóirí, d'institiúidí, de thaighdeoirí, agus de cheannairí cultúrtha chun tosaigh.

Le linn 2025, bhain IMMA amach dul chun cinn leantach sna taispeántais ar camchuart, iasachtaí idirnáisiúnta, infheictheacht choimeádaíochta, soghluaisteacht ealaíontóra agus ball foirne, comhpháirtíochtaí taighde, agus ceannaireacht eanála, lena gcuirtear an músaem mar phríomhnascóir idirnáisiúnta d'ealaíon comhaimseartha na hÉireann.

Aitheantas Idirnáisiúnta agus Ceannaireacht Chultúrtha

Dearbhaíodh treo straitéiseach agus tionchar idirnáisiúnta IMMA i mbealach cumhachtach in 2025 nuair a bronnadh **Músaem Ealaíne na Bliana ag European Museum Academy**. Bronnadh an gradam ar Stiúrthóir Annie Fletcher i mBúdaipeist ar an 27 Meán Fómhair, agus is aitheantas é an gradam do IMMA mar cheann de phríomhinstitiúidí ealaíne comhaimseartha na hEorpa, agus déantar é a cheiliúradh mar gheall ar a **chur chuige ceannródaíoch, ionchuimsitheach agus gníomhach go sóisialta i dtaca leis an músaemeolaíocht**.

Leag na moltóirí béim ar thiomantas leantach IMMA don dul i ngleic le saincheisteanna práinneacha comhaimseartha lena n-áirítear díchoilíniú, ciníochas, coimhlint, inbhuanaitheacht, agus athrú aeráide, fad a choinnítear na hardchaighdeán ealaíne is airde. Roghnaíodh é ó ghearrliosta idirnáisiúnta thar a bheith iomaíoch, agus ba thráth bróid é an gradam d'earnáil cultúrtha na hÉireann agus neartaíodh ról IMMA mar **shamhail cheannaireachta cultúrtha ag leibhéal na hEorpa leis**.

Anuas air sin, b'ionann ainmniú **Sam Gilliam: Sewing Fields** do **Thaispeántas na Bliana ag Gradaim Apollo** agus aitheantas idirnáisiúnta suntasach d'fhís choimeádaíochta agus ceannaireacht léannta IMMA. Féachadh go forleathan air mar cheann de na duaiseanna is mó ardmheas i léirmheastóireacht idirnáisiúnta na hamharc-ealaíona, dearbhaítear ionchur ríthábhachtach don phlé ealaíne comhaimseartha le hainmniú Ghradam Apollo. Léiríonn aitheantas na moltóirí rathúlacht an taispeántais agus gné thábhachtach nach bhfuil a oiread sin clú uirthi de chleachtas deireanach Gilliam a nochtadh, lena gcuirtear an gníomh fuála chun tosaigh mar leathnú radacach péintéireachta agus líníochta, agus lena dtugtar léargas ar thionchar múnlaítheach na hÉireann ar an ealaíontóir. Treisíonn an t-ainmniú sin cumas IMMA chun taispeántais dhírithe, arna spreagadh ag taighde a léiríonn ealaíontóirí móra idirnáisiúnta i mbealaí éagsúla, bunaidh agus ag a bhfuil tionchar acu, agus a neartaíonn láithreachta na hÉireann i gcomhráite ealaíne an domhain.

Taispeántais ar Camchuart Idirnáisiúnta

Ba bhuaicphointe sonracha na bliana é léiriú *Patricia Hurl: Irish Gothic* ag **Irish Arts Center, Nua-Eabhrac**, a osclaíodh i Meán Fómhair 2025, i dteannta le fógra faoi **chomhpháirtíocht straitéiseach nua idir IMMA agus Irish Arts Center**. Athdheimhníodh leis an taispeántas tiomantas IMMA do ghuthanna ealaíne na hÉireann a mhéadú go hidirnáisiúnta, go háirithe guthanna mhná na hÉireann, agus ardán foirmiúil a bhunú ag an am céanna don chomhoibriú leantach, comh-choimeádaíocht agus malartú cultúrtha fadtéarmach idir Éirinn agus na Stáit Aontaithe. D'fhreastail lucht ceannaireachta IMMA ar réamhléirithe, imeachtaí do bhronntóirí, lena neartaítear rannpháirtíocht dhaonchairdiúil agus lena gcuirtear an músaem i líonraí cultúrtha agus maoinithe a bhfuil tionchar acu. Arna oscailt ag an Ardchonsal Gerald Angley, bhí an taispeántas agus an chomhpháirtíocht le chéile mar thacaíocht don bhforbairt caidrimh fadtéarmach, don abhcóideacht idirnáisiúnta fheabhsaithe ar son ealaíon comhaimseartha na hÉireann, agus rinneadh an réiteach do thionscadail ar camchuart agus tionscnaimh ealaíne chomhroinnte amach anseo.

Chuir clár idirnáisiúnta turais IMMA le hinfheictheacht domhanda an mhúsaeim a thuilleadh in 2025 trí mheán mór-chomhpháirtíochtaí taispeántais. Bhí taispeántas mór le rá **Hamad Butt**, arna léiriú i gcomhar le IMMA, **ar camchuart go Whitechapel Gallery, Londain**, agus baineadh amach aird idirnáisiúnta den scoth ó léirmheastóirí agus bhí tuairisciú ar fud na bpríomhfhoilseachán lena n-áirítear *The Guardian*, *Frieze*, *The Art Newspaper*, *ArtReview*, *Artforum*, *Burlington Contemporary*, *Mousse*, *ArtNews*, *eflux Criticism*, *Texte zur Kunst*, *Tank Magazine* agus *New York Observer*. Leanfaidh an chomhpháirtíocht sin ar aghaidh in 2026 le léiriú **Cecilia Vicuña** in Whitechapel. Ag an am céanna, bhí taispeántas IMMA **Gees Bend; Kith and Kin** ar camchuart chuig **American Museum in Bath (RA)**, lena dtugtar an léiriú tábhachtach seo ar dhéantús cuilteanna Meiriceánach Afracach go comhthéacsanna idirnáisiúnta nua. **Sarah Pierce**: Bhí **Scene-of-the-Myth** a léiríodh in IMMA in 2023, in Southampton agus in Leipzig. Le chéile, leag na tionscnaimh ar camchuart sin béim ar chlú barr feabhais coimeádaíochta ar IMMA, neartaíodh a ghuth institiúide i bplé ealaíne comhaimseartha domhanda, agus léiríodh cumas an mhúsaeim chun taispeántais ag a bhfuil tionchar idirnáisiúnta leantach a ghiniúint.

Teagmháil Domhanda an Bhailiúcháin Náisiúnta

In 2025, bhí ról ríthábhachtach ag clár gníomhach **iasachtaí Bailiúcháin IMMA** i dtaca le **hinfheictheacht idirnáisiúnta an mhúsaeim a leathnú, a chlú a neartú, agus líonraí institiúide a láidriú**, fad a bhí rochtain réigiúnach ar fud Éireann á tacú ag an am céanna. Cuireadh saothair ó Bhailiúchán IMMA i láthair ag ionaid idirnáisiúnta mór le rá lena n-áirítear **Pulitzer Arts Foundation, St Louis, Wexner Center for the Arts, Ohio, University College London, Archaeological Museum Zagreb, Museum of Modern Art, Warsaw** (mar chuid de Kyiv Biennale), **Irish Arts Center, Nua-Eabhrac**, agus **Peace Museum, Shipley**. Mar gheall ar phríomhiasachtaí saothair le healaíontóirí amhail **Veronica Ryan, Dorothy Cross, Alanna O'Kelly, Iz Öztat, Patricia Hurl agus Barrie Cooke** bhí cleachtais nasctha Éireannacha agus idirnáisiúnta laistigh de thaispeántais móra théamacha agus léannta, lena n-atreisiúir staid IMMA mar iasachtóir iontaofa agus mar chomhpháirtí intleachtúil. Le chéile, chuir na hiasachtaí sin le próifíl choimeádaíochta IMMA, thacaigh siad le caidrimh idirnáisiúnta fhadtéarmacha, agus cinntigh siad go raibh ealaín chomhaimseartha na hÉireann fós infheicthe, ábhartha, agus go raibh tionchar aici sa phlé cultúrtha domhanda.

Malartú Idirnáisiúnta agus Saibhriú Taispeántais

Chun cur lena fhócas amach, neartaigh IMMA malartú cultúrtha isteach trí mheán iasachtaí idirnáisiúnta straitéiseacha chuig a thaispeántas suaitheanta trí bliana **Art as Agency**. Chuir saothair le **Lucian Freud, Dorothy Cross agus Howardena Pindell** nach bhfuil le feiceáil go minic go mór le saibhreas raon idirnáisiúnta an taispeántais, lena gcumasaítear lucht féachana na hÉireann chun dul i dteagmháil go díreach le startha ealaíne domhanda suntasacha. Is samplaí iad na malartuithe sin de thiomantas IMMA dochomhshaibhriú agus do phlé idirnáisiúnta cothrom.

Ireland Invites: Soghluaisteacht Ealaíontóra agus Coimeádaí

Bhí soghluaisteacht ealaíontóra agus coimeádaí fós lárnach i straitéis idirnáisiúnta IMMA trí **Ireland Invites**, tionscnamh suaitheanta a seoladh i gcomhar le **Hugh Lane Gallery agus Cultúr Éireann** chun aghaidh a thabhairt ar ghannionadaíocht na bhfísealaíontóirí Éireannacha i gcuairt idirnáisiúnta biennale. Dearadh Ireland Invites, a smaoiníodh air mar **chlár píolótach trí bliana**, chun cur le hinfheictheacht idirnáisiúnta chleachtas comhaimseartha na hÉireann trí **mhórchoimeádaithe biennale a óstáil in Éirinn le haghaidh cuairteanna déine stiúideo, taighde institiúide, agus caidreamh coimeádaíochta saincheaptha**, arna dtacú le saineolas agus líonraí domhanda na trí eagraíochta comhpháirtíochta. In 2025, bhain an clár **ráta ratha 100%** amach, le healaíontóirí Éireannacha agus coimeádaithe IMMA neadaithe i mórardáin idirnáisiúnta lena n-áirítear **Hawai'i**

Triennial agus **Sydney Biennale**, fad a cuireadh tús gníomhach le comhoibriú amach anseo le coimeádaithe nasctha le **Performa (Nua-Eabhrac)**, **Kosovo Biennale** agus **Lagos Biennial**.

Soghluaisteacht Idirnáisiúnta Foirne agus Foghlaim Institiúide

Leathnaigh IMMA soghluaisteacht idirnáisiúnta ball foirne trí Mhaoiniú na hEorpa a bronnadh ó **Erasmus+** agus Léargas, a thacaigh le foghlaim eagraíochta agus athléimneacht ar fud ranna. In 2025, chuir **30 ball foirne socrúcháin, scáthfhoghlaím- agus cúrsaí oiliúna i gcrích ar fud 20 Institiúid Eorpacha** lena n-áirítear **AWARE (Páras)**, **National Museum of Norway**, **MACBA (Barcelona)**, **Stedelijk Museum (Amstardam)** agus **PUBLICS Helsinki**, fad a bhí foireann na mBailiúchán gníomhach le piaraí ag **Nordic Registrars Conference**.

Cuireadh isteach iarratas ar **chreidiúnú- Erasmus+ cúig bliana**, lena leagadh béim ar thiomantas IMMA do mhalartú- idirnáisiúnta fadtéarmach agus forbairt scileanna.

Ceannaireacht na hEarnála Domhanda agus Fóraim Idirnáisiúnta

Le linn 2025, rinne IMMA ionadaíocht d'Éirinn ag comhdhálacha móra idirnáisiúnta agus ag tionóil mhóra earnála, lena n-áirítear **NEMO, Frieze London, the International Museum Construction Conference, siompóisiamáí coimeádaíochta i Ságrab** agus **tionóil domhanda maidir le sláinte inchinne** ag óstáladh ag IMMA. Chomh maith leis sin, ghlac baill foirne IMMA páirt i dtionóil **L'internationale** ar fud na hEorpa trí mheán thionscadal **Museum of the Commons atá á mhaoiniú ag Eoraip na Cruthaitheachta**. Atreisíodh ceannaireacht IMMA, leis na caidrimh ghníomhacha sin, laistigh de líonraí idirnáisiúnta músaem agus cinntíodh go raibh **guth cultúrtha comhaimseartha na hÉireann fós i láthair ag comhráite straitéiseacha domhanda**.

Léiríonn na héachtaí sin, le chéile, cumas méadaitheach IMMA chun gníomhú mar **Nascóir Domhanda** muiníneach, lena dtacaítear le malartú ealaíne, comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta marthanacha a chruthú, agus guth cultúrtha comhaimseartha na hÉireann a theilgean ar stáitse an domhain. Trí mheán comhoibrithe leantaigh, soghluaisteachta, agus ceannaireachta, bíonn láithreacht Éireann laistigh de phlé ealaíne comhaimseartha domhanda fós á neartú ag IMMA. Chun cur leis an móiminteam sin, bogtar an músaem ar aghaidh chuig an chéad chéim eile dá Straitéis agus líonra idirnáisiúnta neadaithe go láidir agus ardán leathnaithe do thionchar amach anseo aige.

Taispeántais agus Taibhithe Beo ag IMMA 2025

Le linn 2025, léiríodh an chaoi is féidir le fíis aonair, chomhtháite coimeádaíochta ceithre chroílár straitéiseacha an mhúsaeim a ghníomhachtú i mbealaí comhlántacha agus idirspéacha ag clár taispeántas agus imeachtaí beo IMMA. Bunaithe i **Spás Poiblí ó Bhonn**, tugadh tosaíocht leis an gclár d'iontráil saor in aisce, léiriúcháin fhadtéarmacha, agus gníomhachtuithe ar fud an champais, lena gcinntítear go bhfuil ealaín chomhaimseartha fós inrochtana, fáilteach, agus neadaithe sa saol poiblí laethúil. Ag an am céanna, d'fheidhmigh IMMA mar **Nascóir Domhanda**, lena gcuirtear ealaíontóirí suntasacha agus cleachtas suntasach idirnáisiúnta i láthair lena n-áirítear **Sam Gilliam**, **Cecilia Vicuña** agus the **Gee's Bend Quiltmakers** agus iad á gcur i ndialóg fhiúntach i gcomhthéacsanna, startha, agus pobail na hÉireann.

Mar **Lárionad Taighde agus Nuálaíochta**, cuireadh cuir chuige faoi threoir taighde, seala ama agus idirdhisciplíneach chun tosaigh, lena gcuirtear samhlacha nua chun bailiúchán a thaispeáint, smaointeoireacht éiceolaíoch agus tástáil choimeádaíochta le taispeántais amhail **Art as Agency** agus **Staying with the Trouble**. Le chéile, bhí an clár ag feidhmiú mar **Spreagadh don Athrú**, lena n-úsáidtear ealaín chun machnamh tábhachtach, comhrá poiblí, agus samhlaíocht choiteann a spreagadh i dtaca le saincheisteanna práinneacha sóisialta, cultúrtha agus comhshaoil.

I gcaitheamh na bliana, leathnaíodh taispeántais trí **imeachtaí beo**, taispeántais, agus clár allamuigh, **agus go minic beoitear campas IMMA níos leithne**, lena spreagtar cuairteanna arís agus arís eile, agus leibhéil rannpháirtíochta níos láidre a éascú. Le chéile, léiríodh leis na taispeántais an chaoi a n-oibríonn Straitéis IMMA mar ionad idirnasctha ina iomláine, lena suitear an t-áras mar spás poiblí sibhialta agus mar chumhacht dhinimiciúil d'athrú cultúrtha agus sóisialta araon.

Taispeántais:

Bailiúchán an IMMA: Art as Agency

11 Feabhra 2025 – 6 Feabhra 2028

Seoladh **Art as Agency** go hoifigiúil ag an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, Patrick O'Donovan T.D. i bhFeabhra. Leis an taispeántas trí bliana suntasach de Bhailiúchán Buan IMMA, comóradh aistriú suntasach sa chaoi a n-úsáideann an músaem agus a dtaispeánann an músaem a bhailiúchán ar an láithreán. Tá saothair ó bhreis agus 100 ealaíontóir in Art as Agency ó na 1960idí go dtí an lá inniu, lena n-áirítear an-chuid sealbhúchán le déanaí, mar aon le trí shaothar suntasacha le Lucian Freud, Dorothy Cross, agus Howardena Pindell atá ar iasacht ó bhailiúcháin idirnáisiúnta. Léirítear sa taispeántas fócas straitéiseach seala ama an árais, déantús taispeántas faoi threoir taighde, athshuí an Bhailiúcháin Náisiúnta mar acmhainn ghníomhach phoiblí. In Art as Agency cuirtear béim, trí chuir chuige téamacha agus idirdhisciplíneacha, ar chumas na healaíne chun tuiscint shóisialta, pholaitiúil agus éiceolaíoch a mhúnlú, lena spreagtar rannpháirtíocht leantach, cuairteanna arís agus arís eile agus foghlaim idirghlúine, fad atá ról IMMA mar chaomhnóir oidhreacht nua-ealaíne na hÉireann á atreisiú.

Kith & Kin: The Quilts of Gee's Bend

28 Feabhra 2025 – 2 Samhain 2025

Á chur os comhair an phobail den chéad uair in Éirinn, **Kith & Kin: In The Quilts of Gee's Bend** cuireadh saothar ban Meiriceánach Afracach ag a bhfuil traidisiúin cuilteála thar 200 bliain i láthair. Sa taispeántas, arna eagrú i gcomhar le Souls Grown Deep (SAM), leagadh béim ar dhéantús comhchoiteann, eolas idirghlúine agus athléimneacht chultúrtha trí shaothair láidre theibí teicstíle. Déantar hidirdhealuithe idir an mhínealaín agus an cheardaíocht a cheistiú in **Kith & Kin** agus cuirtear

le guthanna a bhí imeallaithe go stairiúil agus cruthaítear dialóg idir thraidisiúin teicstíle an domhain agus na hÉireann. Bhí clár láidir de chainteanna poiblí, ceardlanna agus rannpháirtíocht an phobail ag baint leis an taispeántas, lena n-áirítear comhrá poiblí le coiméadaí **Gee's Bend Raina Lampkins Fielder**, taobh le comhpháirtíochtaí pobail le hoibreachaí Bhaile Átha Cliath 8, grúpaí Richmond Barracks, agus comhagharrúpaí céardaíochta idirghlúine.

Staying with the Trouble

2 Bealtaine 2025 – 21 Meán Fómhair 2025

Arna spreagadh ag téacs ceannródaíoch Donna Haraway, ba thaispeántas mór grúpa é *Staying with the Trouble* ina raibh os cionn 40 ealaíontóir Éireannacha agus ealaíontóir bunaithe in Éirinn lena dtéann a gcleachtas i ngleic le géarchéim éiceolaíoch, caidrimh ilspeiceas, agus todhchaíochtaí malartacha. Trí mheán dealbhóireachta, scannáin, suiteála, péintéireachta agus taibhithe, sa taispeántas tugadh cuireadh do lucht féachana aghaidh a thabhairt ar chastacht, éiginnteacht agus freagrach le cruthaitheacht agus le cúram. Bhí taibhithe, imeachtaí beo agus clár an-mhór taibhithe, á gcur i láthair fad a bhí *Living Canvas at IMMA*, agus cuireadh an taispeántas ar fud an champais agus isteach sa ríocht phoiblí.

Sam Gilliam: Sewing Fields

13 Meitheamh 2025 – 16 Samhain 2025

An chéad taispeántas aonair de Sam Gilliam in Éirinn, in *Sewing Fields* déantar duine de na nuálaí is mó tionchar de theibíocht Mheiriceánach iarchogaidh a cheiliúradh. Bhí an taispeántas, arna eagrú i gcomhar le Sam Gilliam Foundation, dírithe ar chónaitheacht bhunathraitheach Gilliam in Éirinn ag Ballinglen Arts Foundation sna 1990idí. Bhí saothair teicstíle crochta, fuaite agus colláise sa taispeántas lena leádh na teorainneacha idir phéintéireacht, dealbhóireacht agus ailtireacht, lena dtugadh tumeispéireas spásúil le teibíocht do chuariteoirí arna mhúnlú ag tírdhreach, tástáil solais agus ábhartha.

Cecilia Vicuña: Reverse Migration, A Poetic Journey

Samhain 2025 – 5 Iúil 2026

Go deireanach in 2025, osclaíodh *Reverse Migration, A Poetic Journey*, an chéad taispeántas aonair in Éirinn leis an ealaíontóir, file agus gníomhaí mór le rá go hidirnáisiúnta Cecilia Vicuña. Trí leas a bhaint as aimsiú naisc shinseartha Vicuña le hÉirinn, sa taispeántas pléadh téamaí práinn éiceolaíoch, eolas dúchasach agus stair idirnasctha trí mheán amharc-ealaíne, filíochta, fuaime agus taibhithe. Ba *quipu* ollmhór, a bhain go sonrach le láithreán é, a cruthaíodh i gcomhar le déantóirí áitiúla, bunathraíodh an gailearaí ina spás de chuimhne coiteann agus d'fhreagracht chomhroinnte, lena n-atreisiúidh ról na healaíne mar spreagadh cúraim agus gnímh.

Clabhsúir Taispeántais 2025

I míonna tosaigh 2025 cuireadh roinnt taispeántas i gcrích, lena n-áirítear *David Kronn: Photography Collection* (dúnta ar an 25 Eanáir), *Take a Breath* (dúnta ar an 17 Márta), agus *Hamad Butt: Apprehensions* (dúnta ar an 5 Bealtaine) agus rinneadh mionsonrú orthu go léir i *dTuarascáil Bhliantúil IMMA 2024*.

Taibhithe Beo:

Terrapolis: Staying with the Trouble

26 Iúil 2025

An Halla Mór, an Séipéal Barócach, an Faiche Thosaigh

Terrapolis imeacht taibhithe bheo aonoíche, a cuireadh i láthair mar chuid de *Staying with the Trouble*, lena dtugadh le chéile saothair le Léann Herlihy, Sam Keogh, Bea McMahon agus Eoghan Ryan, faoi threoir Venus Patel mar Daisy: Prophet of the Apocalypse. Sna taibhithe, a cuireadh ar ardán ar fud an Halla Mhóir, an tSéipéil Bharócaigh agus Chlós IMMA, pléadh téamaí idirnasctha na héiceolaíochta, an bhunathraithe, agus an chúraim, arna spreagadh ag smaointeoireacht Donna Haraway. Ag an imeacht, tugadh cuireadh do lucht féachana dul i mbun caidreamh gníomhach le ceisteanna comhaimseartha práinneacha maidir le caidrimh daonna agus neamhdhaonna, taobh le taibhithe tráthnóna leathnaithe ar an bhFaiche Thosaigh, lena n-atreisiódh tiomantas IMMA i dtaca le cleachtas idirdhisciplíneach trialach.

The Hum of Earth's Uneven Breath

13 Márta 2025

An Séipéal Barócach

Ba thaibhiú beo aonoíche é **The Hum of Earth's Uneven Breath**, le Isabel Nolan agus Belinda Quirke i Séipéal Barócach an mhúsaeim. Sa taibhiú, a cruthaíodh mar fhreagra ar thaispeántas mór grúpa *Take a Breath*, cuireadh tobchumadóireacht fuaime, an focal labhartha, agus an guth le chéile chun gnéithe ionchollaithe, cosmeolaíochta agus spioradálta anála ar fud an domhain-ama. Bhí ábhair ann ó Matthew Nolan agus Matthew Jacobson, agus chuir an saothar le téamaí tábhachtacha an comhshaoil, na staire agus na dtaithí saoil den taispeántas, lena n-atreisiódh tiomantas IMMA do thaighde idirdhisciplíneach faoi stiúir an chleachtais bheo.

my tongue is a blade

14 agus 15 Meitheamh 2025

An Séipéal Barócach

Léirigh IMMA **my tongue is a blade**, suiteáil taibhithe nua le cleachtas comhoibríoch Nua-Eabhrac *Sweat Variant* (Okwui Okpokwasili agus Peter Born), ag a bhfuil clú orthu mar gheall ar a saothar airgtheach ó thaobh foirme de ag trasnú damhsa, amharclannaíochta agus amharc-ealaíne. Cuireadh ar ardán é i Séipéal Barócach IMMA, agus tharla an taibhiú seala ama trí huaire mar chleachtas luaile láraithe ar chaidreamh, ar chuimhneamh agus ar aird, lena gceistítear an chaoi a bhfabhraítear, a choinnítear agus a ndéantar tástáil ar cheangail le himeacht ama. Arna thaibhiú ag Okwui Okpokwasili, taibheoir Nua-Eabhrac bunaithe Bria Bacon agus taibheoir bunaithe i mBaile Átha Cliath Alessandra Azeviche, chruthaigh an saothar tírdhreach saibhir físe agus sonach lena dtugadh cuireadh don lucht féachana chuig gníomh d'fhianú domhain. Bhí téamaí leantacha d'oidhreacht inchollaithe a pléadh i saothair níos luaithe *Sweat Variant*, sa taibhiú athdhearbhaíodh tiomantas seanbhunaithe na n-ealaíontóirí chun saol agus aitheantas Gorm agus cleachtais a measadh mar imeallach go stairiúil a chur sa lár. Arna thacú le *Sam Gilliam Foundation*, chomh maith leis sin, chuaigh an tionscadal i bhfeidhm ar léiriú IMMA *Sam Gilliam: Sewing Fields*, lena dtreisiítear tiomantas IMMA do chleachtas idirdhisciplíneach, eolas ionchollaithe, agus dialóg ealaíne trasatlantach.

Buíochas ó Chroí Lenár Lucht Tacaíochta Iontach

Gabhann IMMA buíochas ó chroí leis na maoinitheoirí, leis na comhpháirtithe, agus leis na tacadóirí go léir lena gcuireann a dtiomantas le múnú an árais agus le saibhriú thírdhreach cultúrtha na hÉireann. Bíonn croímhaoiniú poiblí ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, taobh le tacaíocht chomhchineáil ríthábhachtach Oifig na nOibreacha Poiblí, mar bhonn agus mar thaca ag oibriúcháin IMMA agus tacaíonn sé le bunathrú leanúnach a láithreáin stairiúil, lena gcinntítear go mbíonn an t-áras fós inrochtana, ionchuimsiteach agus poiblí ó bhonn.

Chuir sé sin le hionchur méadaitheach daonchairdis phríobháidigh agus comhpháirtíochta corparáidí, ag a bhfuil ról riachtanach i gcumasú an chláraithe uailmhianaigh, taighde agus nuálaíochta. Tá IMMA thar a bheith buíoch as an tacaíocht óna chomhpháirtithe Deontais agus Fondúireachta, lena n-áirítear American Friends of the Arts in Ireland (AFAI), The Benefact Group, Cultúr Éireann, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Erasmus+, the Henry Moore Foundation, an Chomhairle Oidhreachta, the Ireland Against Racism Fund, Léargas, the Pollock Krasner Foundation, Rethink Ireland, The Sam Gilliam Foundation agus the Shared Island Civic Society Fund, mar aon le Tacadóirí Aonair agus comhaltaí an Chiorcail Bhailitheoirí.

Chomh maith leis sin, tugaimid aitheantas do thacaíocht leanúnach ár gComhpháirtithe Corparáideacha, lena n-áirítear Bloomberg LP, citizenM, Edward Dillon & Co. Ltd., IPUT Real Estate, Matheson LLP, One Page CRM agus Philip Lee LLP, agus comhpháirtithe cláir David Kordansky Gallery, Pace Gallery agus Soho House, agus is mar gheall ar a bhflaithiúlacht agus ar a gcomhoibriú a cumasaíodh misean poiblí IMMA le bheith faoi bhláth in 2025.

lasachtaí agus Sealbhúcháin IMMA 2025

lasachtaí 2025

Dáta an Taispeántais: 23/01/2025 - 20/04/2025, **Ionad:** *Royal Hibernian Academy of Arts*, Baile Átha Cliath, **Ainm an Taispeántais:** *BogSkin*, **Uimhir Chatalóige IMMA:** IMMA.173 GL, **Ainm an Ealaíontóra:** Cooke, Barrie, **Ainm an tsaothair:** *Megaceros Hibernicus*, **Dáta an tsaothair:** 1983

Dáta an Taispeántais: 07/03/2025 - 27/07/2025, **Ionad:** *Pulitzer Arts Foundation*, St Louis, SAM, **Ainm an Taispeántais:** Veronica Ryan: *Unruly Objects*, **Uimhir Chatalóige IMMA:** [IMMA.4561.004-4561.009](#), **Ainm an Ealaíontóra:** Ryan, Veronica, **Ainm an tsaothair:** *Cavities*, **Dáta an tsaothair:** 1988

Dáta an Taispeántais: 01/03/2025 - 15/05/2025, **Ionad:** *University College London - East*, RA, **Ainm an Taispeántais:** *Greetings*, **Uimhir Chatalóige IMMA:** IMMA.735, **Ainm an Ealaíontóra:** McCarthy, Caroline, **Ainm an tsaothair:** *McCarthy, Caroline*, **Dáta an tsaothair:** 1996

Dáta an Taispeántais: 09/08/2025 - 27/10/2025, **Ionad:** *Butler Gallery*, Cill Chainnigh, **Ainm an Taispeántais:** *Cities of the World*, **Uimhir Chatalóige IMMA:** IMMA.734, **Ainm an Ealaíontóra:** Prendergast, Kathy, **Ainm an tsaothair:** *City Drawings (Collection of 113 drawings)*, **Dáta an tsaothair:** 1992

Dáta an Taispeántais: 06/09/2025 - 25/10/2025, **Ionad:** *Solstice Arts Centre*, An Uaimh, **Ainm an Taispeántais:** *Peras and Apeiron*, **Uimhir Chatalóige IMMA:** [IMMA.1779.001-IMMA.1779.004](#), **Ainm an Ealaíontóra:** Johnston, Roy, **Ainm an tsaothair:** *Sixteen Rotated Forms (i)*, **Dáta an tsaothair:** 1975

Dáta an Taispeántais: 10/05/2025 - 28/06/2025, **Ionad:** *Esker Arts Centre*, an Tulach Mhór, **Ainm an Taispeántais:** *BogSkin*, **Uimhir Chatalóige IMMA:** IMMA.173 GL, **Ainm an Ealaíontóra:** Cooke, Barrie, **Ainm an tsaothair:** *Megaceros Hibernicus*, **Dáta an tsaothair:** 1983

Dáta an Taispeántais: 05/06/2025 - 14/09/2025, **Ionad:** *The Peace Museum*, Shipley, RA, **Ainm an Taispeántais:** *InCommon - New Greenham Common Peace Camp exhibition* **Uimhir Chatalóige IMMA:** IMMA.4223, **Ainm an Ealaíontóra:** O'Kelly, Alanna, **Ainm an tsaothair:** *Chant Down Greenham*, **Dáta an tsaothair:** 1984

Dáta an Taispeántais: 01/10/2025 - 21/11/2025, **Ionad:** *Comhairle Contae Loch Garman*, **Ainm an Taispeántais:** *Sidelong Glances*, **Uimhir Chatalóige IMMA:** IMMA.32, **Ainm an Ealaíontóra:** Prendergast, Kathy, **Ainm an tsaothair:** *Stack*, **Dáta an tsaothair:** 1989

Dáta an Taispeántais: 22/09/2025 - 31/12/2025, **Ionad:** *Comhairle Contae Loch Garman*, **Ainm an Taispeántais:** *Sidelong Glances*, **Uimhir Chatalóige IMMA:** IMMA.1497, **Ainm an Ealaíontóra:** Hamilton, Ann, **Ainm an tsaothair:** *Filament II*, **Dáta an tsaothair:** 1996

Dáta an Taispeántais: 22/09/2025 - 31/12/2025, **Ionad:** *Comhairle Contae Loch Garman*, **Ainm an Taispeántais:** *Sidelong Glances*, **Uimhir Chatalóige IMMA:** IMMA.1026 MP, **Ainm an Ealaíontóra:** Braun-Vega, Herman, **Ainm an tsaothair:** *Norte, o Sur, o Este, u Oeste*, **Dáta an tsaothair:** 1982

Dáta an Taispeántais: 05/06/2025 - 24/08/2025, **Ionad:** *The Coach House*, Caisleán Bhaile Átha Cliath, **Ainm an Taispeántais:** *The Fine Art of Textile*, **Uimhir Chatalóige IMMA:** IMMA.4070, **Ainm an Ealaíontóra:** Prendergast, Kathy, **Ainm an tsaothair:** *Grave Blanket (Version 1)*, **Dáta an tsaothair:** 1997

Dáta an Taispeántais: 27/09/2025 - 04/01/2026, **Ionad:** *VISUAL Centre for Contemporary Art* agus *George Bernard Shaw Theatre*, Ceatharlach, **Ainm an Taispeántais:** *Acts of Creation: On Art and Motherhood*, **Uimhir Chatalóige IMMA:** IMMA.4, **Ainm an Ealaíontóra:** Cross, Dorothy, **Ainm an tsaothair:** *Kitchen Table*, **Dáta an tsaothair:** 1990

Dáta an Taispeántais: 27/09/2025 - 04/01/2026, **Ionad:** VISUAL Centre for Contemporary Art agus George Bernard Shaw Theatre, Ceatharlach, **Ainm an Taispeántais:** *Acts of Creation: On Art and Motherhood*, **Uimhir Chatalóige IMMA:** IMMA.4070, **Ainm an Ealaíontóra:** Prendergast, Kathy, **Ainm an tsaothair:** *Grave Blanket (Version 1)*, **Dáta an tsaothair:** 1997

Dáta an Taispeántais: 27/09/2025 - 04/01/2026, **Ionad:** VISUAL Centre for Contemporary Art agus George Bernard Shaw Theatre, Ceatharlach, **Ainm an Taispeántais:** *Acts of Creation: On Art and Motherhood*, **Uimhir Chatalóige IMMA:** IMMA.2181, **Ainm an Ealaíontóra:** Malani, Nalini, **Ainm an tsaothair:** *Stains*, **Dáta an tsaothair:** 2000

Dáta an Taispeántais: 27/09/2025 - 04/01/2026, **Ionad:** VISUAL Centre for Contemporary Art agus George Bernard Shaw Theatre, Ceatharlach, **Ainm an Taispeántais:** *Acts of Creation: On Art and Motherhood*, **Uimhir Chatalóige IMMA:** IMMA.4412, **Ainm an Ealaíontóra:** Hurl, Patricia, **Ainm an tsaothair:** *Study for Jingle Bells 2*, **Dáta an tsaothair:** 1987

Dáta an Taispeántais: 29/09/2025 - 22/03/2026, **Ionad:** The Coach House, Caisleán Bhaile Átha Cliath, **Ainm an Taispeántais:** Maria Simonds-Gooding agus Frank Walter, **Uimhir Chatalóige IMMA:** IMMA.3882, **Ainm an Ealaíontóra:** Simonds-Gooding, Maria, **Ainm an tsaothair:** *Water Source I*, **Dáta an tsaothair:** 2010

Dáta an Taispeántais: 29/09/2025 - 22/03/2026, **Ionad:** The Coach House, Caisleán Bhaile Átha Cliath, **Ainm an Taispeántais:** Maria Simonds-Gooding agus Frank Walter, **Uimhir Chatalóige IMMA:** IMMA.3884, **Ainm an Ealaíontóra:** Simonds-Gooding, Maria, **Ainm an tsaothair:** *Water Source III*, **Dáta an tsaothair:** 2010

Dáta an Taispeántais: 27/11/2025 - 31/01/2026, **Ionad:** Archaeological Museum Zagreb, Ságrab, an Chróit, **Ainm an Taispeántais:** *Kinship*, **Uimhir Chatalóige IMMA:** IMMA.1898, **Ainm an Ealaíontóra:** Cross, Dorothy, **Ainm an tsaothair:** *Parachute*, **Dáta an tsaothair:** 2005

Dáta an Taispeántais: 03/10/2025 - 18/01/2026, **Ionad:** Museum of Modern Art, Vársá, an Pholainn, **Ainm an Taispeántais:** *Kyiv Biennale Exhibition*, **Uimhir Chatalóige IMMA:** ACQ.2024.IO.003, **Ainm an Ealaíontóra:** Öztat, İz, Zişan, **Ainm an tsaothair:** *Felaket [Catastrophe]*, **Dáta an tsaothair:** 1923-2016

Dáta an Taispeántais: 05/09/2025 - 02/01/2026, **Ionad:** Irish Arts Centre, Nua-Eabhrac, SAM, **Ainm an Taispeántais:** Patricia Hurl: Irish Gothic, Irish Arts Center, Nua-Eabhrac, **Uimhir Chatalóige IMMA:** IMMA.4334, **Ainm an Ealaíontóra:** Hurl, Patricia, **Ainm an tsaothair:** *Untitled (The Woman in Yellow in the Box)*, **Dáta an tsaothair:** 1986

Dáta an Taispeántais: 05/09/2025 - 02/01/2026, **Ionad:** Irish Arts Centre, Nua-Eabhrac, SAM, **Ainm an Taispeántais:** Patricia Hurl: Irish Gothic, Irish Arts Center, Nua-Eabhrac, **Uimhir Chatalóige IMMA:** IMMA.4336, **Ainm an Ealaíontóra:** Hurl, Patricia, **Ainm an tsaothair:** *Ministry of Fear*, **Dáta an tsaothair:** 1986

Dáta an Taispeántais: 05/09/2025 - 02/01/2026, **Ionad:** Irish Arts Centre, Nua-Eabhrac, SAM, **Ainm an Taispeántais:** Patricia Hurl: Irish Gothic, Irish Arts Center, Nua-Eabhrac, **Uimhir Chatalóige IMMA:** IMMA.4337, **Ainm an Ealaíontóra:** Hurl, Patricia, **Ainm an tsaothair:** *Act of Union (Once Upon a Time)*, **Dáta an tsaothair:** 1986

Dáta an Taispeántais: 05/09/2025 - 02/01/2026, **Ionad:** Irish Arts Centre, Nua-Eabhrac, SAM, **Ainm an Taispeántais:** Patricia Hurl: Irish Gothic, Irish Arts Center, Nua-Eabhrac, **Uimhir Chatalóige IMMA:** IMMA.4446, **Ainm an Ealaíontóra:** Hurl, Patricia, **Ainm an tsaothair:** *The Company Wife*, **Dáta an tsaothair:** 1986

Dáta an Taispeántais: 05/09/2025 - 02/01/2026, **Ionad:** Irish Arts Centre, Nua-Eabhrac, SAM, **Ainm an Taispeántais:** Patricia Hurl: Irish Gothic, Irish Arts Center, Nua-Eabhrac, **Uimhir Chatalóige**

IMMA: IMMA.4447, **Ainm an Ealaíontóra:** Hurl, Patricia, **Ainm an tsaothair:** *Irish Gothic (Living Room)*, **Dáta an tsaothair:** 1984

Dáta an Taispeántais: 05/09/2025 - 02/01/2026, **Ionad:** *Irish Arts Centre*, Nua-Eabhrac, SAM, **Ainm an Taispeántais:** Patricia Hurl: *Irish Gothic*, Irish Arts Center, Nua-Eabhrac, **Uimhir Chatalóige IMMA:** EX.CT.2025.PH.001, **Ainm an Ealaíontóra:** Hurl, Patricia, **Ainm an tsaothair:** *Warrior IV*, **Dáta an tsaothair:** 2023

Dáta an Taispeántais: 05/09/2025 - 02/01/2026, **Ionad:** *Irish Arts Centre*, Nua-Eabhrac, SAM, **Ainm an Taispeántais:** Patricia Hurl: *Irish Gothic*, Irish Arts Center, Nua-Eabhrac, **Uimhir Chatalóige IMMA:** EX.CT.2025.PH.002, **Ainm an Ealaíontóra:** Hurl, Patricia, **Ainm an tsaothair:** *Warrior IV*, **Dáta an tsaothair:** 2023

Sealbhúcháin Úra 2025

Sloinne	Céad Ainm	Teideal	Dáta	An cineál sealbhúcháin
Johnston	Roy	<i>Axis and Oblique Series II</i>	1977 - 1979	Tabhartas
Maher	Alice	<i>Andromeda</i>	1999	Tabhartas
Doherty	Brian	<i>Hello Sam</i>	2011	Tabhartas
Short	Constance	Roghnúchán 10 ngearradh líonóile	1990idí	Tabhartas
Shiel	Sonia	cuid den tsraith <i>Eider on Candy</i>	2004	Tabhartas
O'Leary	Helen	<i>Things you do</i>	2002-2003	Tabhartas
Harding	Alexis	<i>Study (Roller Coaster)</i>	2006	Tabhartas
Cooke	Barrie	<i>Black Head</i>	1990	Tabhartas
Cooke	Barrie	<i>Burren Black Head</i>	1988	Tabhartas
Cooke	Barrie	<i>Mountain Landscape</i>		Tabhartas
Bourke	Brian	<i>Cardet France</i>	1990	Tabhartas
Bourke	Brian	<i>Views from Roosevelt Island elevated tram,</i>	2000	Tabhartas
Souter	Camille	<i>On some Achill Day the Day the Sea will...</i>		Tabhartas
King	Cecil	<i>Berlin Pastel</i>		Tabhartas
King	Cecil	<i>Still Life with Bottle and Glass</i>	1960	Tabhartas
King	Cecil	<i>Thrust</i>		Tabhartas
King	Cecil	<i>Untitled (Within Series)</i>	1986	Tabhartas
Tyrrell	Charles	<i>C1606,</i>	2006	Tabhartas
Tyrrell	Charles	<i>Borderland XXX</i>	1991	Tabhartas
Brady	Charles	<i>Envelope</i>		Tabhartas
Walker	Corban	<i>Corrugated Drawing VI</i>	2001	Tabhartas
Walker	Corban	<i>Gradient Blue Black</i>		Tabhartas
Nakamura	Makiko	<i>You</i>	2003	Tabhartas
Nakamura	Makiko	<i>Untitled (Blue Square)</i>	2001	Tabhartas
Nakamura	Makiko	<i>In the Morning</i>	2006	Tabhartas
Fitzgerald	Mary	<i>Triad 1, 1988</i>	1988	Tabhartas
Fitzgerald	Mary	<i>White painting 3</i>		Tabhartas
Cullen	Michael	<i>Crawling Figure</i>	1988	Tabhartas
Mulcahy	Michael	<i>The Warrior's Song #21</i>	1994	Tabhartas
Mulcahy	Michael	<i>Buddha Gaya Temple Garden II</i>	1991	Tabhartas
Reid	Nano	<i>Padraig on the Island</i>		Tabhartas
Collins	Patrick	<i>Landscape with Round Tower</i>		Tabhartas
Collins	Patrick	<i>Night in the Mountain</i>		Tabhartas
Collins	Patrick	<i>Sea Breeze</i>	1984	Tabhartas
Scott	Patrick	<i>Autumn Landscape</i>		Tabhartas
Scott	Patrick	<i>Chinese Landscape 5/86</i>	1921-2014	Tabhartas
McSweeney	Sean	<i>Shoreline Bogland</i>	1998	Tabhartas
Hone	Evie	<i>Mother and Child</i>	1894-1955	Tabhartas
Egan	Felim	<i>Composition 36 / Untitled</i>	1999	Tabhartas
Egan	Felim	<i>Battle of Anghiari</i>	1984-1985	Tabhartas
Feehily	Fergus	<i>Ringsend,</i>	1995	Tabhartas
Feehily	Fergus	<i>November Drawing</i>	1995	Tabhartas
Feehily	Fergus	<i>Small Everything</i>	2002	Tabhartas
Tansey	Francis	<i>Tubular no VIII</i>	1988	Tabhartas
O'Donoghue	Hughie	<i>Mellieas Field III</i>	2001	Tabhartas
Feeney	Jacinta	<i>On the Blissful Island</i>		Tabhartas
Shinnors	John	<i>Swallow in the Lighthouse II</i>		Tabhartas
Wade	Jonathan	<i>Relief Landscape</i>	1980	Tabhartas

Wade	Jonathan	<i>The Grey Column</i>		Tabhartas
le Brocquy	Louis	<i>Image of WB Yeats</i>	1997	Tabhartas
O'Malley	Tony	<i>Jerpoint Abbey</i>	1978	Tabhartas
O'Malley	Tony	<i>Spanish Place Orzola</i>	1989	Tabhartas
Crozier	William	<i>Easter Field</i>	c.1994	Tabhartas
O'Mhaonaigh	Sinéad	<i>Macalla N</i>	2000	Tabhartas
Cecchetti	Alex	<i>The Journey of a Breath</i>	2024	Ceannachán
Baer	Jo	<i>Untitled</i>	1980	Tabhartas
Robbins	Bruce			
Baer	Jo	<i>Untitled</i>	1980	Tabhartas
Robbins	Bruce			
Baer	Jo	<i>Untitled</i>	1980	Tabhartas
Robbins	Bruce			
Baer	Jo	<i>Untitled</i>	1980	Tabhartas
Robbins	Bruce			
Baer	Jo	<i>Untitled</i>	1980	Tabhartas
Robbins	Bruce			
Baer	Jo	<i>Untitled</i>	1980	Tabhartas
Robbins	Bruce			
Baer	Jo	<i>Untitled</i>	1980	Tabhartas
Robbins	Bruce			
Baer	Jo	<i>Untitled</i>	1980	Tabhartas
Robbins	Bruce			
Baer	Jo	<i>Untitled</i>	1980	Tabhartas
Robbins	Bruce			
Gillian	Sam	<i>Pages and Echoes #8</i>	1998	Tabhartas
Woodrow	Bill	<i>In case of</i>	1988-90	Tabhartas
Walshe	Lorcan	<i>Opus Dei Triptych</i>	1993	Tabhartas
Hennessy	Patrick	<i>Pieta</i>	1967	Ceannachán Cuidithe
Cope	Elizabeth	<i>Nest (Positive), Nest (Negative)</i>	2005-2006	Ceannachán
Carrington	Leonora	<i>The High Queen of Ireland</i>	1945	Alt 1003:
Carrington	Leonora	<i>Untitled Tapestry</i>	c.1948–1955	Alt 1003:
Vicuna	Cecilia	<i>Fethard Sheela Na Gig</i>	2025	Alt 1003:
Vicuna	Cecilia	<i>Mother shadow</i>	20224-2025	Alt 1003:
Walshe	Eimear	<i>ROMANTIC IRELAND</i>		Ceannachán
Heron	Hilary	<i>Dicky Bird-Cage</i>	1960	Tabhartas
Crozier	William	<i>Figure</i>	1970-75	Tabhartas
Crozier	William	<i>Greta (or October)</i>	1962	Tabhartas
Vicuña	Cecilia	<i>Mother's Shadow</i> (Eagrán Teoranta IMMA)	2025	Ceannachán
Hurl	Patricia	<i>Exploding Head</i> (Eagrán Teoranta IMMA)	2025	Ceannachán